



IONSTRAIMÍ REACTÚLA.

I.R. Uimh. 152 de 2019

SCÉIM DEONTAS MAC LÉINN 2019

I.R. Uimh. 152 de 2019

SCÉIM DEONTAS MAC LÉINN 2019

EAGRÚ NA SCÉIME

Cuid 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1. Lua.
2. Tosú agus cur i bhfeidhm.
3. Léirmhíniú.

Cuid 2

SCÉIM DEONTAS

4. Daoine lena mbaineann an Scéim.
5. Údarás dámhachtana.
6. Aicmí deontas.
7. Deontas cothabhála.
8. Deontas táillí.
9. Gné táille teagaisc den deontas táillí.
10. Gné ranníocaíochta an mhic léinn den deontas táillí.
11. Gné na dturas allamuigh den deontas táillí.
12. Ranníocaíocht táille iarchéime.
13. Aicmí iarratasóirí.
14. Eisiaimh ó incháilitheacht.
15. Tréimhse incháilitheachta agus dul chun cinn.
16. Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta — dul chun cinn.
17. Cúrsaí d'fhochéimithe — dul chun cinn.
18. Cúrsaí d'iarchéimithe — dul chun cinn.

Cuid 3

IONCAM INÁIRITHE

19. Teorainneacha ioncaim ináirithe agus íocaíochtaí incháilithe.

20. Tréimhse thagartha.
21. Duine a bhfuil a (h)ioncam á mheas.
22. Cinneadh ioncam ináirithe — ginearálta.
23. Cinneadh ioncam ináirithe — féinfhostaíocht agus feirmeoireacht, lena n-áirítear ioncam cíosa agus ioncam eile ó thalamh agus ó mhaoin.
24. Cinneadh ioncam ináirithe — ioncam tánaisteach.
25. Cur san áireamh caillteanas.

Cuid 4

BRONNADH DEONTAS

26. Tairiscint agus bronnadh deontais agus aistriú stádais.
27. Rátaí agus luach — deontas cothabhála.
28. Rátaí agus luach — deontas táillí, gné táille teagaisc.
29. Rátaí agus luach — deontas táillí, gné ranníocaíochta an mhic léinn.
30. Rátaí agus luach — deontas táillí, gné na dturas allamuigh.
31. Rátaí agus luach — ranníocaíocht táille iarchéime.
32. Athbhreithníú ar incháilitheacht le linn na bliana acadúla.

Cuid 5

IARRATAS, SOLÁTHAR FAISNÉISE AGUS ÍOCAÍOCHT

33. An tÚdarás iomchuí dámhachtana.
34. Teorainneacha ama maidir le hiarratais.
35. Iarratais go ginearálta.
36. Cur isteach faisnéise.
37. Íocaíocht deontais chothabhála.
38. Íocaíocht deontais táillí.
39. Íocaíocht táillí iarchéime.
40. Ró-íocaíochtaí.

Cuid 6

ACHOMHAIRC

41. Achomhairc chuig oifigigh achomhairc.

42. Achomharc chuig an mBord Achomhairc.

SCEIDEAL 1

Teorainneacha ioncaim ináirithe do dheontais táillí agus cothabhála don bhliain acadúil 2019/20

SCEIDEAL 2

Íocaíochtaí incháilithe don ráta speisialta deontas cothabhála don bhliain acadúil 2019/20

SCEIDEAL 3

Rátaí deontas cothabhála don bhliain airgeadais 2019

SCEIDEAL 4

Uasteorainneacha ioncaim foriomlána do dheontas táillí don bhliain acadúil 2019/20.

I.R. Uimh. 152 de 2019

SCÉIM DEONTAS MAC LÉINN 2019

Déanaimse, MARY MITCHELL O’CONNOR, an tAire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, í bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 16 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011), agus d’Ordú Oideachais agus Scileanna (Feidhmeanna Aire a Thamrmligeán) 2018 (I.R. Uimh. 642 de 2018), agus le toiliú an Aire Airgeadais, leis seo, na scéim seo a leanas:—

Cuid 1

RÉAMHCHÉIM AGUS GINEARÁLTA

Lua

1. Féadfar an Scéim seo a lua mar an Scéim Deontas Mac Léinn 2019.

Tús agus cur i bhfeidhm

2. (1) Tiocfaidh an Scéim seo i ngníomh ar 11th Aibreán 2019.

(2) Feidhmíonn an Scéim seo chun deontais a sholáthar do mhic léinn sa bhliain acadúil 2019/20, i gcás go dtosaíonn an bhliain sin ar 1 Meán Fómhair 2019 nó ina dhiaidh, is cuma cé acu a rinneadh aon rud a dhéanamh faoin Scéim seo roimh 1 Meán Fómhair 2019, nó ar an dáta sin, nó ina dhiaidh.

Léirmhíniú

3. (1) Sa Scéim seo—

Is é “Clár Luathaithe Teicneoirí” an bhrí a thugtar dó i Rialachán 4(b)(viii) de na Rialacháin;

Ciallaíonn “Acht” an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011);

Ciallaíonn “oifigeach achomhairc” duine atá ainmnithe de réir alt 20(1) den Acht;

Forléireofar “cúrsa faofa” de réir alt 8 den Acht agus Rialachán 4 de na Rialacháin;

Forléireofar “institiúid cheadaithe” de réir alt 7 den Acht agus Rialachán 3 de na Rialacháin;

Ciallaíonn “údarás dámhachtana” —

(a) bord oideachais agus oiliúna, nó

(b) údarás áitiúil, nó

(c) údarás dámhachtana ceaptha;

Is é “an t-údarás dámhachtana” Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath faoi réir ailt 4 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn (údarás dámhachtana a cheapadh) Ordú 2012 — I.R. Uimh. 161 de 2012 agus Cuid 7 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Forléireofar “leanbh cleithiúnach” de réir alt 16(7) den Acht agus airteagal 19(8);

Ciallaíonn “mac léinn cleithiúnach” aicme iarratasóra de réir bhrí an téarma sin de réir airteagal 13;

Ciallaíonn “ráta táille an AE” an táille arna cinneadh agus arna gearradh ag institiúid ar chúrsa do náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh, an LEE agus na hEilvéise, agus do chatagóirí bainteacha mac léinn;

Ciallaíonn “turas allamuigh” turas atá éigeantach agus atá ina chuid lárnach de chúrsa; atá chun críche taighde a dhéanamh nó fíricí a aimsiú; agus nach féidir leis an mac léinn céim a bhaint amach, nó dul chun cinn chuig an gcéad bhliain eile den chúrsa a dhéanamh dá uireasa;

Ciallaíonn “creat cáilíochtaí” an creat cáilíochtaí arna bhunú agus arna chothabháil de bhun alt 7 d’Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint (Uimh. 26 de 1999);

Cuimsíonn “Scéimeanna na dTáillí in Aisce” Scéimeanna na dTáillí in Aisce agus an Clár do Theicneoir Meánleibhéal (MLT) agus an Clár Ardscileanna Teicniúla agus Gnó, trína ndéantar foráil don Státhiste táillí teagaisc mac léinn incháilithe a fhreastalaíonn ar chúrsaí fochéime lánaimseartha faofa i bhforais cheadaithe sa Stát, a chomhlíon critéir na dtionscnamh seo, a íoc;

Ciallaíonn “mac léinn neamhspleách” aicme iarratasóra de réir bhrí an téarma sin de réir airteagal 13;

Ciallaíonn “Ballstát”, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs é, Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh;

Ciallaíonn “an tAire” an tAire Oideachais agus Scileanna;

Ciallaíonn “an creat náisiúnta cáilíochta” an creat cáilíochtaí a bunaíodh agus a choinnítear de bhun alt 7 den Acht um Cháilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 (Uimh. 26 de 1999);

Forléireofar “gnáthchónaí” de réir airteagal 7(2);

Ciallaíonn “cúrsa iarchéime” cúrsa as a mbainfear mórdámhachtain ardoideachais agus oiliúna amach ag Leibhéal 8 (Ard-Diplóma), Leibhéal 9 (Diplóma Iarchéime, Céim Mháistir), Leibhéal 10 (Céim Dochtúra) ar an gcreat náisiúnta cáilíochta, nó dámhachtainí coibhéiseacha;

Tá le “cúrsa iar-Ardteistiméireachta” an bhrí a thugtar dó i Rialachán 4 (a) de na Rialacháin;

Ciallaíonn “scéim roimhe seo” an Scéim Dheontas Ardoideachais (HEG) a rinneadh de bhun an Achta um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 go 1992 nó sna scéimeanna arna riar ag Coiste Gairmoideachais: is é sin le rá, Scéim Scoláireachta na gCoistí Gairmoideachais, (VEC), An Scéim Dheontas Cothabhála Tríú Leibhéal d’Oiliúnaithe (TLT) agus an Scéim Dheontas Cothabhála do Mhic Léinn a fheastalaíonn ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta (PLC);

ciallaíonn “comhlacht dámhachtana aitheanta sa Stát” -

- (a) Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI);
- (b) ceann de na hollscoileanna sa Stát;
- (c) Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn;
- (d) ceann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta le húdarás tarmligthe; nó
- (e) Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath;

Ciallaíonn “Rialacháin” na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2019 (I.R. Uimh. 151 de 2019)

Áirítear le “daoine iomchuí” –

- (a) leanaí cleithiúnacha,
- (b) tuismitheoir(i) mac léinn cleithiúnach, agus
- (c) céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir mac léinn neamhspleách;

Forléireofar “mac léinn” de réir alt 14(1) den Acht agus Rialachán 5 de na Rialacháin;

Ciallaíonn “ranníocaíocht mac léinn” an muirear atá iníoctha ag na mic léinn a meastar a bheith incháilithe le haghaidh táillí teagaisc in aisce faoi na Scéimeanna Táillí in Aisce. Cuimsíonn an ranníocaíocht seo muirear seirbhíse an mhic léinn agus ranníocaíocht ó na mic léinn i dtreo na gcostas teagaisc;

Tá le “mac léinn teagaisc” an bhrí a thugtar dó in alt 14(7) den Acht;

Ciallaíonn “cúrsa fochéime” cúrsa as a mbainfear mórdámhachtain ardoideachais agus ardoiliúna amach ag Leibhéal 6 (Ardteastas), Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitisiléara)), Leibhéal 8 (Céim Onóracha Bhaitisiléara) ar an gcreat náisiúnta cáilíochta, nó dámhachtainí coibhéiseacha, seachas cúrsa ar a dtugtar cúrsa iar-ardteistiméireachta, i láthair na huaire;

(2) Mura léirítear a mhalairt sa chomhthéacs, aon fhocal nó abairt a úsáidtear sa Scéim seo, agus a úsáidtear freisin san Acht, tá an bhrí chéanna leis sa Scéim seo agus atá san Acht.

(3) (a) Aon tagairt sa Scéim seo d’airteagal is tagairt í d’airteagal sa Scéim seo, mura gcuirtear in

iúl gur tagairt d'ionstraim éigin eile atá i gceist.

- (b) Aon tagairt do mhír nó d'fhomhír sa Scéim seo is tagairt í don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá i gceist.
- (c) Aon tagairt sa Scéim seo do Sceideal is tagairt í do Sceideal leis an Scéim seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'ionstraim éigin eile atá i gceist.

Cuid 2

Scéim deontas

Daoine lena mbaineann an Scéim

4. (1) Baineann an Scéim seo le mic léinn nó le mic léinn teagaisc ar mian leo cur isteach ar dheontas i leith freastal ar chúrsa faofa, in institiúid faofa, sa bhliain acadúil 2019/20, seachas duine atá ag freastal ar chúrsa ar bronnadh deontas air chun freastal ar a chúrsa reatha nó ar a cúrsa reatha faoi scéim roimhe seo, roimh theacht i ngníomh d'alt 6 den Acht agus den Scéim seo.
- (2) Beidh iarratasóir a chomhlíonann an sainmhíniú “mac léinn”, nó “mac léinn teagaisc” agus atá ag freastal ar chúrsa faofa i bhforas faofa incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas faoi réir agus de réir na Scéime seo.
- (3) Is mac léinn nó mac léinn teagaisc iarratasóir i ndáil le cúrsa faofa, má mheasann an t-údarás dámhachtana, agus measúnú a dhéanamh ar a iarratas ar dheontas, go gcomhlíonann nó go gcomhlíonfaidh an duine an sainmhíniú a bhaineann le “mac léinn” nó “mac léinn teagaisc” de réir alt 14 den Acht agus Rialachán 5 de na Rialacháin.
- (4) Chun a bheith incháilithe do dheontas sa bhliain acadúil faoin Scéim seo, ní mór do dhuine a chomhlíonann an sainmhíniú ar mhac léinn nó ar mhac léinn teagaisc agus atá ag gabháil do chúrsa faofa i bhforas faofa, coinníollacha incháilitheachta ar leith na Scéime seo a chuimsítear in airteagail 14 go 18 a chomhlíonadh; agus ioncam in áirithe taobh istigh de na teorainneacha a bheith aige nó aici, agus ceanglais eile atá leagtha síos in airteagail 19 go 25 a chomhlíonadh.

An t-údarás dámhachtana

5. Déanfar measúnú ar theidliocht iarratasóra maidir le deontas tríd an údarás dámhachtana a mheasfar a bheith iomchuí de bhun airteagal 33.

Aicmí deontas

6. Chun críche na Scéime seo, beidh na trí aicme deontas seo a leanas ann —

- (a) deontas cothabhála;
- (b) deontas táillí; agus
- (c) ranníocaíocht táille iarchéime.

Deontas cothabhála

7. (1) Is ranníocaíocht i dtreo costais mhaireachtála mic léinn é deontas cothabhála agus tá sé iníoctha ag—

- (a) an ráta caighdeánach, an ráta iomlán (100%) nó ráta codach (75%, 50% nó 25%), ag bráth ar an leibhéal ioncaim ináirithe; nó
- (b) an ráta speisialta, ag bráth ar an leibhéal ioncaim ináirithe agus ceanglais eile;

agus i gceachtar den dá chás, ag rátaí cóngaracha nó neamhchóngaracha, ag bráth ar an bhfad ó ghnátháit chónaithe an mhic léinn chuig an bhforas ina bhfuil an cúrsa faofa ar siúl.

(2) Chun críche an airteagail seo, ciallaíonn “gnátháit chónaithe” gnátháit chónaithe an mhic léinn. I gcás mac léinn chleithiúnach, is é seoladh buan nó seoladh baile thuismitheoirí an mhic léinn chleithiúnaigh a bheidh i gceist anseo. I gcás mac léinn neamhspleách, is é seoladh buan nó seoladh baile an mhic léinn neamhspleách a bheidh sa ghnátháit chónaithe.

(3) Déanfaidh an t-údarás dámhachtana cinneadh maidir leis an ráta is infheidhme do dheontas cothabhála i ngach cás ar leith, de réir airteagal 27.

(4) Ní bheidh deontas cothabhála iníoctha do mhac léinn teagaisc, arna shainiú in alt 14 den Acht.

Deontas táillí

8. (1) Faoi réir théarmaí an airteagail seo, féadfar mac léinn incháilithe, nó mac léinn teagaisc incháilithe a bhreithniú i gcomhair deontas táillí.

(2) Beidh deontas táillí iníoctha i leith freastal ar chúrsa faofa ardoideachais ag foras faofa sa Stát (seachas cúrsa a aithnítear faoi láthair mar chúrsa iar-Ardteistiméireachta).

(3) Féadfaidh deontas maidir le freastal ar chúrsa iarchéime faofa i dTuaisceart Éireann, arna liostaithe i Sceideal 3 de na Rialacháin, deontas táillí a chuimsiú i gcás go mbronntar ar mhac léinn é, ach ní i gcás go mbronntar ar mhac léinn teagaisc é.

(4) Féadfaidh deontas táillí bheith comhdhéanta d’aon cheann de na trí ghné seo a leanas: gné táille teagaisc, gné ranníocaíochta an mhic léinn agus gné na dturas allamuigh, iníoctha suas le huasteorainn fhoriomlán atá sonraithe i Sceideal 4.

(5) Faoi réir na n-uasteorainneacha foriomlána, beidh an ghné táille theagaisc agus gné ranníocaíochta an mhic léinn iníoctha ag rátaí iomlána (100%) nó rátaí codacha (50%).

(6) Déanfaidh an t-údarás dámhachtana cinneadh maidir leis an ráta agus an luach infheidhme i ndáil le gné táille teagaisc agus gné ranníocaíochta an mhic léinn agus an méid atá iníoctha i ndáil le gné na dturas allamuigh, más ann dó, i ngach cás ar leith, de réir airteagal 28, 29 and 30.

(7) Ní bheidh aon mhac léinn nó mac léinn teagaisc, atá ag fáil, nó atá incháilithe do chabhair iomlán i dtreo ghné táille teagaisc ó aon fhoirse eile, lena n-áirítear urraíocht nó dámhachtain, incháilithe do dheontas táillí faoi théarmaí na Scéime seo.

(8) Beidh deontas táillí, nó cuid den deontas sin, faoi réir laghdaithe i gcás ina bhfaigheann an mac léinn nó an mac léinn teagaisc cabhair leis an táille teagaisc ó aon fhoirse eile, nó ina bhfuil sé i dteideal cabhair den chineál sin a fháil.

(9) I gcás ina bhfuil deontas táillí faoi réir laghdaithe de bhun mhír (8), beidh méid an laghdaithe cothrom le luach na cabhrach a fuair an duine nó a bhfuil sé ina teideal.

Gné táille teagaisc den deontas táillí

9. (1) Níl mac léinn nó mac léinn teagaisc atá incháilithe le haghaidh teagasc in aisce faoi Scéimeanna na dTáillí in Aisce i leith cúrsa fochéime faofa, incháilithe don ghné den deontas táillí a bhaineann le táille teagaisc faoin Scéim seo.

(2) Faoi réir airteagal 8(2) agus (3), féadfar mac léinn nó mac léinn teagaisc a mheas don ghné a bhaineann le táille teagaisc i gcás ina bhfuil sé nó sí—

(a) ag gabháil do chúrsa fochéime faofa lena mbaineann Scéim na dTáillí in Aisce ach nach bhfuil an mac léinn, nó an mac léinn teagaisc, incháilithe do tháillí teagaisc in aisce faoi na scéimeanna sin; nó

(b) ag gabháil do chúrsa fochéime faofa nach cúrsa é atá faofa do Scéimeanna na dTáillí in Aisce ; nó

(c) ag gabháil do chúrsa iarchéime faofa.

Gné ranníocaíochta an mhic léinn den deontas táillí

10. I gcás ina bhfuil mac léinn nó mac léinn teagaisc ag gabháil do chúrsa atá faofa do Scéimeanna na dTáillí in Aisce, agus i gcás ina bhfuil an mac léinn sin incháilithe do tháillí teagaisc in aisce faoi na scéimeanna sin, féadfaidh an t-údarás dámhachtana deontas iomlán (100%) nó deontas codach (50%) a dhámhadh do mhac léinn nó do mhac léinn teagaisc incháilithe, i leith táille ranníocaíochta an mhic léinn, de réir airteagal 29.

Gné na dturas allamuigh den deontas táillí

11. (1) Faoi réir airteagal 8(2) agus (3), i gcás ina bhfuil mac léinn nó mac léinn teagaisc incháilithe do dheontas táillí iomlán (100%), nó ina mbeadh

sé incháilithe do dheontas táillí iomlán murach Scéimeanna na dTáillí in Aisce, agus go gcaithfidh sé páirt a ghlacadh i dturas allamuigh éigeantach, déanfaidh an t-údarás dámhachtana, de réir mar is infheidhme, an mac léinn nó an mac léinn teagaisc a bhreithniú i gcomhair deontais maidir le caiteachas incháilithe na dturas allamuigh, de réir airteagal 30.

(2) Tá ráta ghné na dturas allamuigh, más ann dó, ag brath ar cibé an bhfuil costas na táille teagaisc, bíodh sé maoinithe faoin Scéim seo nó ná bíodh, agus gné ranníocaíochta an mhic léinn ag sárú na n-uasteorainneacha atá iníoctha maidir le deontas táillí.

(3) Is é an caiteachas atá incháilithe le breithniú i leith deontais do thuras allamuigh ná costas arna thabhtú ar bhonn réasúnach, le hadmhálacha, maidir le taisteal agus cóiríocht, a bhaineann go díreach leis an turas allamuigh.

Ranníocaíocht táille iarchéime

12. (1) Faoi réir airteagal 14(11), féadfaidh an t-údarás dámhachtana ranníocaíocht táille iarchéime ag an ráta atá sonraithe i Sceideal 4 a dhámhachtain ar mhac léinn nó ar mhac léinn teagaisc incháilithe, i leith táille ranníocaíochta an mhic léinn—

(2) Féadfaidh deontas maidir le freastal ar chúrsa iarchéime faofa i dTuaisceart Éireann arna liostú i Sceideal 3 do na Rialacháin deontas táillí a chuimsiú i gcás go mbronntar ar mhac léinn é, ach ní i gcás go mbronntar ar mhac léinn teagaisc é.

(3) Aon mhac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag fáil, nó incháilithe do, chabhair iomlán i dtreo ghné táille teagaisc ó aon fhoirse eile, lena n-áirítear urraíocht nó dámhachtain, ní bheidh sé/sí incháilithe don ranníocaíocht táillí iarchéime faoi théarmaí na Scéime seo.

(4) Beidh an dámhachtain ranníocaíochta táillí iarchéime faoi réir laghdaithe i gcás ina bhfaigheann an mac léinn nó an mac léinn teagaisc cabhair leis an táille teagaisc ó aon fhoirse eile, nó ina bhfuil sé i dteideal cabhair den chineál sin a fháil.

(5) I gcás ina bhfuil an dámhachtain ranníocaíochta táillí iarchéime faoi réir laghdaithe de bhun mhír (4), beidh méid an laghdaithe cothrom le luach na cabhrach a fuair an duine nó a bhfuil sé ina teideal.

Aicmí iarratasóirí

13(1) Chun críche na Scéime seo, beidh an dá aicme iarratasóirí seo a leanas ann—

(a) mac léinn neamhspleách; agus

(b) mac léinn cleithiúnach.

(2) Sainítear aicme iarratasóra ag a chéad nó a céad gcéad phointe iontrála chuig cúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa nó cúrsa ardoideachais faofa nó ag a phointe nó a pointe athiontrála chuig cúrsa faofa den sórt sin agus beidh feidhm leis fad is a mhairfidh a chuid nó a cuid staidéir.

(3) Sa scéim seo, ciallaíonn “mac léinn neamhspleách” mac léinn lánfhásta nach raibh gnáthchónaí orthu lena dtuismitheoirí, ná le duine amháin acu sin, ó Dheireadh Fómhair na bliana roimh an gcéad phointe iontrála chuig cúrsa iar-Ardteistiméireachta nó cúrsa ardoideachais faofa nó athiontráil chuig cúrsa faofa agus áit a bhfuil sé cinntithe chun sástacht an údaráis dámhachtana go bhfuil siad incháilithe ar an mbunús sin.

(4) Ciallaíonn “mac léinn lánfhásta” mac léinn a bheidh, 23 bliain d’aois ar a laghad ar 1 Eanáir—

(a) sa bhliain iontrála den chéad uair chuig cúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa;

(b) sa bhliain iontrála den chéad uair chuig cúrsa ardoideachais faofa (seachas cúrsa ar a dtugtar cúrsa iar-Ardteistiméireachta i láthair na huaire); nó

(c) sa bhliain athiontrála chuig cúrsa faofa.

(5) Ciallaíonn “athiontráil”, chun críche na Scéime seo, mac léinn lánfhásta ag gabháil do chúrsa faofa tar éis briseadh trí bliana ar a laghad a thógáil ón staidéar, agus é tar éis a bheith ar chúrsa faofa cheana féin.

(6) Tabharfar “mac léinn athdheise” ar mhac léinn lánfhásta -

(a) má tá an mac léinn ag filleadh tar éis briseadh 5 bliana ar a laghad a thógáil ón staidéar; agus

(b) má d’fhreastail an mac léinn ar chúrsa cheana féin ach nár éirigh leis/léi é a chríochnú,

(c) má tá an mac léinn ag filleadh chun gabháil do chúrsa faofa ag leibhéal PLC, fochéime nó iarchéime sa bhliain acadúil iomchuí.

(7) Sa chás ina d’fhreastal mac léinn athdheise ar chúrsa faoi bhun leibhéal fochéime le linn an bhriste 5 bliana ón staidéar, measfar go sásaíonn sé nó sí coinníollacha alt 6(a), faoi réir na rialacha dul chun cinn dá bhforáiltear sa Scéim seo agus in Alt 2 den Acht.

(8) Ciallaíonn “mac léinn cleithiúnach” gach mac léinn seachas mac léinn neamhspleách, dá bhforáiltear sa Scéim seo, atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh faoin Scéim seo.

Eisiaimh ó incháilitheacht

14. (1) Ní bheidh mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain ó údarás dámhachtana cheana féin, incháilithe do dheontas.

(2) Ní bheidh mac léinn nó mac léinn teagaisc incháilithe do dheontas má tá deontas, scoláireacht, duais, liúntas, sparánacht nó dámhachtain den chineál sin tugtha dó ó chistí poiblí sa Stát, nó a choibhéis ó Bhallstát, stát conarthach le Comhaontú LEE nó Cónaidhm na hEilvéise, i ndáil leis an gcúrsa faofa ar a bhfuil sé ag freastal.

(3) Ní chuimsíonn na dámhachtainí ó chistí poiblí dá dtagraítear i mír (2) an méid seo a leanas—

(a) dámhachtainí amhail scoláireachtaí, duaiseanna nó sparánachtaí, arna ndéanamh ag an bhforas ar a bhfreastalaítear;

(b) dámhachtainí taighde iarchéime i gcás nach mó méid deontais na dámhachtana ná méid sonraithe, a shonraítear mar €16,000 don bhliain acadúil iomchuí, faoi réir alt 4;

(c) dámhachtainí d’iarratasóirí faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn ná don Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas;

(d) Scéim Scoláireachta Chomóradh Sheachtain na Cásca;

(e) Scéim Scoláireachta Donogh O’Malley;

(f) Scéimeanna Sparánachta Tríú Leibhéal na Roinne Oideachais agus Scileanna;

(g) An Ghníomhaireacht un Leanaí agus an Teaghlach – NTRIS An Scéim Tacaíochta Fostaíochta

(4) Ní bheidh aon mhac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag fáil aon dámhachtain a luaitear i mír (3), a bhfuil foráil do tháillí déanta ann, incháilithe do dheontas táillí faoin Scéim seo.

(5) Níl mac léinn i dteideal deontas cothabhála a fháil má tá sé ag fáil Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEA) nó Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS).

(6) D’ainneoin mhír (5), tá mac léinn nó mac léinn teagaisc a fhaigheann liúntas BTEA nó VTOS i dteideal iarratas a dhéanamh ar ghnéithe an deontais táillí agus an

ranníocaíocht táillí iarchéime, i gcás ina bhfuil sé ag gabháil do chúrsa a bhfuil deontais táillí iníoctha ina leith.

(7) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag gabháil do chúrsa iarchéime, ní bheidh sé/sí incháilithe do dheontas cothabhála.

(8) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag gabháil do chúrsa iarchéime, ní bheidh sé nó sí incháilithe do dheontas táillí.

(9) D'ainneoin mhíreanna (7) agus (8), tá mac léinn incháilithe do dheontas táillí agus deontas cothabhála má tá sé nó sí ag gabháil do chúrsa iarchéime agus má shásaíonn ioncam ináirithe an iarratasóra na coinníollacha cáilíochta don ráta speisialta mar a shonraítear i Sceideal 1 agus Sceideal 2. D'ainneoin mhíreanna (7) agus (8), tá mac léinn teagaisc incháilithe ar dheontas táillí má tá sé nó sí ag gabháil do chúrsa iarchéime agus má shásaíonn ioncam ináirithe an iarratasóra na coinníollacha cáilíochta don ráta speisialta mar a shonraítear i Sceideal 1 agus Sceideal 2.

(10) D'ainneoin mhír (9), tá mac léinn nó mac léinn teagaisc nach sásaíonn an choinníoll cáilíochta íocaíochta incháilithe don ráta speisialta i dteideal deontas táillí más rud é:

(i) gur bronnadh deontas táillí ar an mac léinn don bhliain roimhe dá c(h)úrsa iarchéime reatha, agus

(ii) go raibh an íocaíocht incháilithe ag an mac léinn don ráta speisialta ar an dáta sonraithe a cheadaigh a t(h)eidlíocht do dheontas táillí; agus

(iii) mar thoradh ar a fhreastal ar chúrsa faofa, nach bhfuil an mac léinn incháilithe a thuilleadh d'íocaíocht incháilithe a fháil; agus

(iv) go bhfuil an mac léinn ag athnuachan a d(h)eontas don dara bliain nó don bhliain tar éis a c(h)úrsa iarchéime, gan sos sa staidéar a ghlacadh, agus

(v) go bhfuil an t-ioncam inríofa laistigh den teorainn don ráta speisialta mar a shonraítear i Sceideal 1;

agus measfar go sásaíonn sé/sí na coinníollacha cáilíochta don ráta speisialta mar a shonraítear i Sceideal 1 agus 2.

(11) D'ainneoin mhíreanna (8) agus (9), d'fhéadfadh mac léinn nó mac léinn teagaisc a bheith incháilithe do Ranníocaíocht Táillí Iarchéime más rud é go bhfuil ioncam ináirithe an iarratasóra faoi bhun na teorann ioncaim ináirithe mar a shonraítear i Sceideal 1 don Ranníocaíocht Táillí Iarchéime.

Tréimhse incháilitheachta agus dul chun cinn

15. (1) Ní dhámhfar deontas arna dhámhachtain faoin Scéim seo ach amháin i leith freastal ar chúrsa faofa i bhforas faofa, agus fad is a mhaireann cúrsa den sórt sin de ghnáth. Ní bheidh mac léinn nó mac léinn teagaisc incháilithe do dheontas i gcomhair níos mó ná cúrsa faofa amháin ag aon am amháin.

(2) I gcás go bhfuil ar mhac léinn freastal ar fhoras ardoideachais taobh amuigh den Stát ar feadh tréimhse suas le bliain amháin, mar chuid de chúrsa fochéime nó iarchéime faofa, féadfar leanúint le híocaíocht an deontais chothabhála i gcás nach gcuireann an tréimhse thar lear le gnáthfhad an chúrsa faofa.

(3) I gcás ina bhfuil ar mhac léinn freastal ar shocrúchán lasmuigh den champas mar chuid lárnach de chúrsa fochéime nó iarchéime faofa, féadfar leanúint ag íoc deontais chothabhála i gcás nach gcuireann an tréimhse socrúcháin lasmuigh den champas le gnáthfhad an chúrsa fhaofa.

(4) D’ainneoin mhír (3), níl mac léinn a ghlacann páirt i gClár Luathaithe Teicneoirí incháilithe chun go leanfar dá d(h)eontas a íoc le linn thréimhse an tsocrúcháin íoctha.

(5) Íocfar deontas le mac léinn nó le mac léinn teagaisc, i gcás ina bhfuil sé ag déanamh “dul chun cinn”, sa bhrí a thugtar don téarma sin in alt 2 den Acht, is cuma cé acu a íocadh deontas leis i leith freastal ar chúrsa roimhe sin, nó nár íocadh, agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha na Scéime seo.

(6) Faoi réir mhír (8), ní fhéadfar deontas a íoc i leith tréimhse athstaidéir ar an gcúrsa céanna.

(7) Faoi réir na míre seo, mír (5) agus mír (8), agus na gcoinníollacha sonracha maidir le dul chun cinn sna hairteagail ó 16 go 18, ní fhéadfar deontas a íoc i leith tréimhse athstaidéir ar chúrsa eile. D’ainneoin an choinníll seo déanfar iarratasóir ar mian leis gabháil do chúrsa faofa, tar éis dó/di tabhairt faoi chúrsa ar bith roimhe sin, ach gan é a chríochnú, a mheas chun maoiniú a fháil de réir na bhforálacha seo a leanas—

(a) I gcás ina bhfuil freastal déanta aige/aici ar aon chúrsa iar-Ardteistiméireachta nó a choibhéis roimhe seo, ach nár chríochnaigh sé an cúrsa, beidh ar an iarratasóir—

(i) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas; nó

(ii) bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun gabháil do chúrsa ardoideachais faofa.

(b) I gcás ina bhfuil freastal déanta aige/aici roimhe seo ar aon chúrsa fochéime ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, ach nár chríochnaigh sé an cúrsa, beidh ar an iarratasóir—

(i) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(ii) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(iii) beidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun tabhairt faoi chúrsa iar-Ardeistiméireachta i gcás nár críochnaíodh níos mó ná bliain amháin de chúrsa fochéime ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí, nó

(iv) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa iar-Ardeistiméireachta faofa i gcás inar tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin d'aon chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(v) bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun gabháil do chúrsa iarchéime faofa.

(c) I gcás ina bhfuil freastal déanta aige roimhe seo ar aon chúrsa fochéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, ach nár chríochnaigh sé/sí an cúrsa, beidh ar an iarratasóir—

(i) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(ii) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(iii) beidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun tabhairt faoi chúrsa iar-Ardeistiméireachta i gcás nár tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin de chúrsa fochéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, nó

(iv) é a bheith d'iallach air/uirthi tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa iar-Ardeistiméireachta faofa i gcás inar tugadh

chun críche níos mó ná bliain amháin ar aon chúrsa fochéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(v) bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun gabháil do chúrsa iarchéime faofa.

(d) I gcás go bhfuil freastal déanta aige/aici roimhe seo ar aon chúrsa iarchéime nó a choibhéis, ach nár chríochnaigh sé an cúrsa, beidh ar an iarratasóir—

(i) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa iarchéime faofa sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, nó

(ii) beidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun tabhairt faoi chúrsa fochéime faofa i gcás nár tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin d'aon chúrsa iarchéime, nó

(iii) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa fochéime faofa ag Leibhéal 6, 7 nó 8 den chreat cáilíochtaí i gcás inar tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin ar aon chúrsa iarchéime ag Leibhéal 8, 9 nó 10 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

(iv) beidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas chun tabhairt faoi chúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa i gcás nár tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin d'aon chúrsa iarchéime, nó

(v) tréimhse staidéir choibhéiseach a chur i gcrích ar chúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa i gcás inar tugadh chun críche níos mó ná bliain amháin ar aon chúrsa iarchéime sula mbeidh sé/sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

(8) Beidh sé de lánrogha ag an údarás dámhachtana na forálacha ag míreanna (6) agus (7) a tharscaoileadh i gcúinsí eisceachtúla, ag teacht le treoirínte arna ndrúchtú ag an Aire.

(9) D'ainneoin mhíreanna (6), (7) agus (8), féadfaidh mac léinn athdheise nó mac léinn teagaisc athdheise, de réir airteagal 13(6) agus (7), atá ag filleadh chun gabháil do chúrsa faofa, iarratas a dhéanamh ar dheontas chun gabháil do chúrsa faofa, lena n-áirítear cás ina ndéanann sé seo foráil do thréimhse athstaidéir, faoi réir na rialacha dul chun cinn dá bhforáiltear sa Scéim seo agus in alt 2 den Acht.

(10) Leagtar amach thíos na huastréimhsí a bhféadfaidh deontas a bheith iníoctha i ndáil leis agus tá siad faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Scéim seo maidir le dul chun cinn:

(a) Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta:

— Beidh cúnamh deontais teoranta d’uasmhéid trí bliana san iomlán;

(b) Cúrsaí fochéime:

— Beidh cúnamh deontais teoranta d’uasmhéid ceithre bliana san iomlán do chúrsaí ag Leibhéal 6 agus 7 den chreat cáilíochtaí agus taobh istigh den iomlán sin, beidh sé faoi réir uasmhéid—

(i) dhá bhliain ag Leibhéal 6;

(ii) trí bliana ag Leibhéal 7;

— Beidh cúnamh deontais do chúrsa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí teoranta d’uasmhéid ceithre bliana san iomlán, seachas i gcás go mairfidh an cúrsa níos faide ná ceithre bliana de ghnáth.

(c) Cúrsaí iarchéime:

— Beidh cúnamh deontais le haghaidh staidéar iarchéime teoranta d’uasmhéid ceithre bliana san iomlán.

— Cuirtear san áireamh gach freastal roimhe agus gnóthachtáil ag leibhéal iarchéime nuair atá incháilitheacht ar chúnamh deontais do staidéar iarchéime á meas, is cuma cé acu a fuair duine deontas cheana nó nach bhfuair.

Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta — dul chun cinn

16. (1) Faoi réir na gcoinníollacha ginearálta arna leagan síos sa Scéim seo, agus na huastréimhsí arna sainiú in airteagal 15(10) (a), tá na coinníollacha sonracha maidir le dul chun cinn a bhaineann le rannpháirtíocht i gcúrsa iar-Ardteistiméireachta leagtha síos san airteagal seo.

(2) Maidir le mac léinn atá ag gabháil do chúrsa iar-Ardteistiméireachta faofa ní bheidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil má tá cáilíocht breisoideachais cheana féin aige ag Leibhéal 5 nó 6 den chreat cáilíochtaí, nó cáilíocht oideachais tríú leibhéal ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí nó os a chionn, nó cáilíochtaí coibhéseacha.

(3) Ní íocfar deontas le mac léinn ag a bhfuil cáilíocht fochéime nó iarchéime cheana féin agus atá ag tabhairt faoi chúrsa iar-Ardteistiméireachta, is cuma cé acu a íocadh deontas roimhe sin nó nár íocadh.

(4) D'ainneoin mhír (2), aon iarratasóir ag a bhfuil dámhachtain breisoideachais cheana féin nach airde ná Leibhéal 5 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, agus atá ag gabháil do chúrsa anois ina bhfuil dul chun cinn ar fáil, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil.

Cúrsaí fochéime — dul chun cinn

17. (1) Faoi réir na gcoinníollacha ginearálta atá leagtha síos sa Scéim seo, agus na huastréimhsí atá sonraithe in airteagal 15(10) (b), tá na coinníollacha sonracha maidir le dul chun cinn atá i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht ag leibhéal fochéime leagtha síos san airteagal seo.

(2) Ní íocfar deontas le hiarratasóir ag a bhfuil cáilíocht iarchéime cheana agus atá ag gabháil do cháilíocht fochéime, is cuma cé acu a íocadh deontas leis roimhe seo nó nár íocadh.

(3) Seo a leanas na coinníollacha dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú ar chúrsa den chéad uair as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis gabháil do chúrsa faofa ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 6 nó os a chionn den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe.

(4) Seo a leanas na coinníollacha dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú den chéad uair ar chúrsa as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis ag gabháil do chúrsa faofa ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal cheana féin ag Leibhéal 7 nó os a chionn den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe;

(c) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, agus atá ag dul chun cinn chun cúrsa faofa ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil i gcomhair dhá bhliain ar a mhéad den chúrsa faofa ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí;

(d) Mac léinn nó mac léinn teagaisc a thug chun críche cuid de chúrsa ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis agus a ghlactar isteach trí dhíolúine chuig an dara bliain nó bliain ina dhiaidh sin de chúrsa faofa ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil.

(5) Seo a leanas na coinníollacha dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochta—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú ar chúrsa den chéad uair, as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis gabháil do chúrsa faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain fochéime ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 8 nó os a chionn den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe;

(c) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 6 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, agus atá ag gabháil chun cinn chuig cúrsa faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(d) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 7 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, agus atá ag dul chun cinn chuig cúrsa faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(e) Mac léinn nó mac léinn teagaisc a thug chun críche cuid de chúrsa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis agus a ghlactar isteach trí dhíolúine chuig an dara bliain nó bliain ina dhiaidh sin de chúrsa faofa ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil.

Cúrsaí iarchéime — dul chun cinn

18. (1) Faoi réir na gcoinníollacha ginearálta arna leagan síos sa Scéim seo, agus na huastreimhsí atá sonraithe in airteagal 15(10)(c) tá na coinníollacha sonracha maidir le dul chun cinn a bhaineann le rannpháirtíocht ag leibhéal iarchéime leagtha síos san airteagal seo.

(2) Seo a leanas na coinníollacha maidir le dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú den chéad uair ar chúrsa ag leibhéal iarchéime as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis gabháil do chúrsa faofa iarchéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain iarchéime ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 8 nó os a chionn den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(c) chun críocha na Scéime seo, meastar gur dul chun cinn atá i gcáilíochtaí iarchéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis, ó cháilíochtaí fochéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis.

(3) Seo a leanas na coinníollacha dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú ar chúrsa den chéad uair ar leibhéal iarchéime as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis gabháil do chúrsa faofa ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc a bhfuil cáilíocht iarchéime ag Leibhéal 8 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis aige cheana féin, agus nach bhfuil níos airde, féadfaidh sé dul chun cinn chuig ceann amháin acu seo a leanas—

(i) dioplóma iarchéime ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí,

(ii) céim mháistreachta ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí,

(iii) an Chéim Abhcóide ag Cumann Onórach Óstaí an Rí, nó

(iv) Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil i nDlí-Chumann na hÉireann;

(c) Mac léinn nó mac léinn teagaisc a bhfuil dámhachtain iarchéime ardoideachais agus oiliúna aige cheana féin ag Leibhéal 9 nó níos airde den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil, mura gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha ag fómhír (d);

(d) Mac léinn nó mac léinn teagaisc a bhfuil dioplóma iarchéime aige cheana féin ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, agus atá ag gabháil do cheann díobh seo a leanas, gan cúrsa ag Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis a bheith déanta aige roimhe sin, beidh sé incháilithe chun deontas a fháil—

(i) céim mháistreachta ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí,

(ii) an Chéim Abhcóide ag Cumann Onórach Óstaí an Rí, nó

(iii) an Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil i nDlí-Chumann na hÉireann;

(e) níl mac léinn nó mac léinn teagaisc incháilithe chun maoiniú a fháil don Chéim Abhcóide ag Cumann Onórach Óstaí an Rí nó don Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil ag Dlí-Chumann na hÉireann má tá céim mháistreachta aige ag Leibhéal 9 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, seachas más sa dlí atá an chéim mháistreachta sin;

(4) Seo a leanas na coinníollacha dul chun cinn i leith staidéir ag Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí—

(a) Mac léinn nó mac léinn teagaisc atá ag tosú ar chúrsa den chéad uair, as a dtiocfaidh dámhachtain ardoideachais agus oiliúna, agus ar mian leis gabháil do chúrsa faofa iarchéime ag Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(b) Mac léinn nó mac léinn teagaisc ag a bhfuil dámhachtain iarchéime ardoideachais agus oiliúna cheana féin ag Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí nó a choibhéis, ní bheidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil;

(c) D'fhéadfadh sé go mbeadh mac léinn nó mac léinn teagaisc incháilithe chun deontas a fháil i gcás go bhfuil sé ag dul chun cinn chuig céim dochtúra ag Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí ó cháilíocht iarchéime ag leibhéal níos ísle ná Leibhéal 10 den chreat cáilíochtaí, nó a choibhéis.

(5) Faoi réir dul chun cinn, mac léinn nó mac léinn teagaisc a thug cúrsa iarchéime bliana chun críche nár bronnadh cáilíocht dá bharr agus a gceadaítear dó dul isteach sa dara bliain nó i mbliain tar éis sin de chúrsa iarchéime faofa, beidh sé/sí incháilithe chun deontas a fháil.

Cuid 3

IONCAM INÁIRITHE

Teorainneacha ioncaim ináirithe agus íocaíochtaí incháilithe.

19. (1) Ní mór d'ioncam ináirithe iarratasóra sa tréimhse thagartha atá sonraithe a bheith faoi na teorainneacha ioncaim arna sonrú ar bhonn bliantúil ag an Aire maidir le gach bliain acadúil iomchuí, chun go mbeidh an t-iarratasóir incháilithe chun deontas, nó cuid de dheontas, a fháil i leith bliain acadúil ar bith de chúrsa faofa.

(2) Beidh teorainneacha ioncaim ann maidir le—

Deontais chothabhála:

(a) an ráta speisialta de dheontas cothabhála;

(b) rátaí caighdeánacha iomlána (100%) agus codach (75%, 50%, 25%) de dheontas

cothabhála.

Deontais táillí:

(c) ráta iomlán (100%) agus ráta codach (50%) i leith gné táille teagaisc de dheontas táillí;

(d) ráta iomlán (100%) agus ráta codach (50%) i leith ghné ranníocaíochta an mhic léinn de dheontas táillí

Ranníocaíocht táille iarchéime:

(e) Gné ranníocaíochta táille iarchéime.

(3) Beidh an teorainn ioncaim don ghné turas allamuigh de dheontas táillí mar theorainn ar dheontas iomlán i leith gné táille teagaisc de dheontas táillí.

(4) Beidh teorainneacha ioncaim éagsúla i gceist i leith mhír (2)(b), (c), (d) agus (e) i gcásanna inarb é líon na leanaí cleithiúnacha—

(a) níos lú ná 4,

(b) 4-7, nó

(c) 8 nó níos mó.

(5) Féadfar na teorainneacha ioncaim ináirithe i ndáil le mír 2(b), (c), (d) agus (e) a mhéadú le hincrimint bhreise i gcás go bhfuil an t-iarratasóir móide duine amháin nó níos mó daoine iomchuí ag freastal ar chúrsa faofa chun críocha na Scéime seo nó ar chúrsa lánaimseartha a mhaireann bliain ar a laghad i mbreisoideachas nó in ardoideachas agus oiliúint sa Stát nó i mBallstát ar bith eile as a mbainfear mórdhámhachtain amach ag Leibhéal 5 go 10, den chreat cáilíochtaí nó as a mbainfear cáilíocht choibhéiseach amach arna dhéanamh ag comhlacht dámhachtana aitheanta sa Stát nó i mBallstát eile.

(6) Tá na teorainneacha ioncaim don tréimhse thagartha atá sonraithe don bhliain acadúil leagtha síos i Sceideal 1.

(7) Is coinníoll atá ann chun ráta speisialta deontais chothabhála a fháil

(a) nach mór d'ioncam ináirithe iarratasóra ceann de na híocaíochtaí incháilithe dá bhforáiltear i Sceideal 2 a chuimsiú ar an dáta sonraithe.

(i) nuair a éilíonn duine a meastar a (h)ioncam chun críche a fháil amach cén t-ioncam ináirithe atá ag iarratasóir faoin Scéim seo Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht /Forlónadh Ioncam

Teaghlai, cuimsítear aon íocaíocht a dhéantar de bhun an éilimh sin in ioncam ináirithe an iarratasóra.

nó

(b) Sa chás gur mac léinn cleithiúnach an t-iarratasóir, ar an dáta sonraithe, maidir le híocaíocht a shonraítear i Sceideal 2.

(i) íoctar í leis an gcéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir (nach tuismitheoir an iarratasóra) tuismitheoir an iarratasóra; agus

(ii) áirítear leis liúntas cleithiúnaí duine fásta maidir leis an tuismitheoir sin nó liúntas cleithiúnaí ar leanbh é/í maidir leis an iarratasóir.

(8) Tá an dáta seo a leanas forordaithe mar dháta iomchuí don Scéim seo maidir leis an sainmhíniú ar “leanbh cleithiúnach” in alt 16(7) den Acht: 1 Deireadh Fómhair na bliana roimh an bhliain ina bhfuil mac léinn, a bhfuil leanbh cleithiúnach iomchuí i leith a iarratas ar dheontas, ag cur tús le bliain staidéir in aon bhliain ar chúrsa faofa.

Tréimhse Thagartha

20. (1) Is é 1 Eanáir go 31 Nollaig sa bhliain féilire ábhartha a sonraíodh i Sceideal 1 an tréimhse thagartha ina gcinnfear ioncam ináirithe do bhliain acadúil.

(2) Má bhíonn aon difear idir an bhliain ghnó agus an tréimhse thagartha, cuirfear san áireamh an t-ioncam atá le léamh sna cuntais ghnó do bhliain dar críoch dáta idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig na bliana ábhartha.

Daoine a gcuirtear a n-ioncam san áireamh

21. (1) Más mac léinn cleithiúnach é an t-iarratasóir, cuirfear ioncam an iarratasóra agus a t(h)uismitheoirí san áireamh, mar is cuí, nuair a bheifear ag iarraidh a ríomh cé acu atá nó nach bhfuil na teorainneacha sáraithe.

(2) Más colscartha nó scartha de réir dlí a bhíonn tuismitheoirí an mhic léinn spleách, nó má fhaigheann an t-údarás dámhachtana iomchuí amach go bhfuil siad scartha, is é a bheidh san ioncam ináirithe ná ioncam an iarratasóra agus an tuismitheora lena gcónaíonn an t-iarratasóir.

(3) Má fhaigheann an t-údarás dámhachtana iomchuí amach iad seo a leanas de réir a sásaimh féin maidir leis an mac léinn cleithiúnach —

(a) nach bhfuil aon tuismitheoir beo aige nó aici

(b) go bhfuil sé nó sí coimhthithe ón dá thuismitheoir agus nach dtugann ceachtar de na thuismitheoirí tacaíocht airgid dó nó di (páistí altrama agus dídeanaithe mionaoiseacha gan tionlacan san áireamh)

is féidir nach gcuirfear ioncam thuismitheoirí mac léinn cleithiúnach san áireamh.

(4) Mura mbíonn údarás dámhachtana cinnte go gcomhlíonann iarratasóir ceann ar bith de na coinníollacha nach gcuirfí ioncam a t(h)uismitheoirí san áireamh, measúnóidh siad iarratas an iarratasóra sin ar dheontas ag cur ioncam na dtuismitheoirí san áireamh.

(5) Más mac léinn neamhspleách é an t-iarratasóir, cuirfear san áireamh ioncam an iarratasóra agus a c(h)éile, a pháirtí shibhialta nó a c(h)omhchónaitheora, mar is cuí, nuair a bheifear ag iarraidh a ríomh cé acu atá nó nach bhfuil na teorainneacha sáráithe.

Ioncam ináirithe a chinneadh —ginearálta

22. (1) Cinnfidh an t-údarás dámhachtana iomchuí ioncam ináirithe bunaithe ar an eolas a thabharfar ar an bhfoirm iarratais agus ar eolas agus ar fhianaise cháipéisíochta eile a sholáthrófar, faoi réir airteagal 36. Má bhíonn ioncam i gceist in airgeadra nach euro é, caithfear comhluach na méideanna comhlána in euro a sholáthar, ag baint úsáide as Meánrátaí Malartaithe Bliantúla Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain ábhartha.

(2) Má bhíonn an t-iarratasóir éiginnte cé acu ba cheart ioncam, sochar nó leas a chur san áireamh i ríomh ioncam ináirithe, ba cheart na mionsonraí ar a n-áirítear na méideanna a sholáthar agus an fhoirm iarratais á comhlánú.

(3) Agus ioncam ináirithe á ríomh, cuirfidh an t-údarás dámhachtana san áireamh ioncam ó gach foinse, beag beann ar cé acu a eascraíonn siad taobh istigh den Stát nó nach n-eascraíonn, ar a n-áirítear ioncam faoi na ceannteidil seo a leanas—

(a) Ioncam ó fhostaíocht (ar a n-áirítear sochar comhchinéil agus stiúrthóireachtaí)

(b) Íocaíochtaí leasa shóisialta,

(c) Íocaíochtaí ó rannóga eile rialtais nó ó ghníomhaireachtaí rialtais

(d) Féinfhostú nó feirmeoireacht

(e) Cíos agus ioncam eile ó thalamh agus ó shealúchas

(f) Ioncam ó phinsin seachas an pinsean leasa shóisialta stáit,

(g) Ioncam ó choigilt, ó chuntais taisce agus ó infheistiú

(h) Ioncam ó shocruithe cothaithe

- (i) Íocaíochtaí cnapshuime ó dhul ar scor agus ó iomarcaíocht
- (j) Ioncam ó dhiúscairt sócmhainní nó ceart
- (k) Féiríní agus oidhreachtaí
- (l) Ioncam ó fhoinsí eile nach luaitear thuas

(4) Ní chuirfear san áireamh na híocaíochtaí seo a leanas, a bhfuil eolas orthu maidir leis an scéim seo mar “ioncam neamhshuime” agus ioncam ináirithe á ríomh—

- Liúntas Iarchúraim
- Scéim Scoláireachta Uile-Éireann
- Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair
- Pinsean na ndall (má íoctar leis an iarratasóir é)
- Seirbhísí Tacaíochta Caranua
- Liúntas Cúramóra
- Deontas Tacaíocht Cúramóra (sa chás go n-íoctar é faighteoirí an Liúntas Cúramóra agus Liúntas Cúram Baile)
- Sochar Linbh
- Cúiteamh as gortú pearsanta
- Costas an Liúntas Oideachais
- Scéim Sparánachtaí Tríú Leibhéal na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Íocaíocht Forálacha Sealadacha - An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (dá dtagraítear go minic mar an íocaíocht bhónas na Nollag)
- Liúntas Míchumais (má íoctar leis an iarratasóir é)
- Aisíocaíochtaí Muirir Uisce Tí
- Liúntas Cúram Baile
- Íocaíochtaí Riachtanais Eisceachtúla
- Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht/Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh

- Liúntas Cúram Altrama
- Íocaíocht Caomhnóra
- Pacáiste Sochair Teaghlaigh
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Liúntas Maireachtáil Neamhspleách do Dhaoine Óga faoi Chúram Cónaithe
- Aistriú Liúntas Cuardaitheora Poist (má íoctar leis an iarratasóir é)
- Liúntas Luaineachta (má íoctar leis an iarratasóir é)
- Forlíonadh Ús Morgáiste
- Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora (Tástáilte ó thaobh acmhainne) (má íoctar leis an iarratasóir é)
- Scéim Cóiríochta Cíosa
- Forlíonadh Cíosa
- Ciste Cúnaimh Mhic Léinn
- Deontas Mac léinn
 - An Ghníomhaireacht un Leanaí agus an Teaghlach – NTRIS An Scéim Tacaíochta Fostaíochta
- Uiversity - Sparánacht Ardoideachais d'Fhoghlaimoirí Fásta
- Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

(5) Chun ioncam ináirithe iarratasóra a chinneadh, asbhainfear comhiomlán ceann ar bith acu seo a leanas—

(a) maidir le hioncam fostaíochta, costais ag baint le fostaíocht a d'fhaomh na Coimisinéirí Ioncaim nó a gcómhaith

(b) ioncam ó fhostaíocht ar tuarastal saoire é taobh amuigh d'am téarma, faoi réir ag uasteorainn atá leagtha amach i Mír B de Sceideal 1

(c) íocaíochtaí cothaithe a dhéantar faoi shocrú in-fhorghníomhaithe le céile scartha

(d) ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin nó le táirgí pinsin nó dul ar scor, a íocadh sa tréimhse thagartha amháin, taobh istigh de theorainneacha atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, bunaithe ar aois agus glantuilleamh ábhartha; agus

(e) íocaíochtaí ragoibre a saothraíodh sa tréimhse thagartha nach íocaíochtaí athfhillteacha iad

(6) Cuimsíonn “Ioncam ó shocrúithe cothaithe”, maidir le halt (3)(h) airgead nó luach airgid a fhaightear mar chothú.

(7) Agus cinneadh á dhéanamh cé acu a chomhlíonann iarratasóir an teorainn ioncaim ináirithe don ráta speisialta sa deontas cothaithe, is féidir asbhaint a dhéanamh mar gheall ar mhéadú leanbh cleithiúnach (CDI) a íocann An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Ioncam ináirithe a chinneadh –féinfhostaíocht agus feirmeoireacht, ar a n-áirítear cíos agus ioncam eile ó thalamh agus ó shealúchas

23. (1) Déanfar na coigeartuithe seo a leanas ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas a léiríonn na cuntais sa tréimhse thagartha leis an ioncam ináirithe a ríomh ó fhéinfhostaíocht agus ó fheirmeoireacht—

(a) dímhéas a chur ar ais;

(b) ús ar íasachtaí a mhaoiníonn sócmhainní seasta an ghnó nó caiteachas pearsanta an dílseánaigh a chur ar ais;

(c) íocaíochtaí léasa ar airgeadas a chur ar ais;

(d) luach saothair ina dtaobh seo a chur ar ais—

(i) tuarastail nó íocaíochtaí a dhéantar gan rialúcháin ÍMAT agus ÁSPC nó rialúcháin choibhéiseacha a chur i bhfeidhm

(ii) tuarastail nó íocaíochtaí le cleithiúnaigh; agus

(iii) tuarastail nó íocaíochtaí le páistí neamhchleithiúnacha nuair a bhíonn an íocaíocht os cionn an noirm don obair a dhéantar

(e) caiteachas pearsanta a chuirtear in aghaidh ioncam an ghnó a chur ar ais

(2) Déantar neamhaird ar an gcoigeartú sa cháin ioncaim ar fhaoiseamh ó stoc feirme agus ioncam ináirithe ó fheirmeoireacht á ríomh

(3) Agus ioncam ináirithe ó fhéinfhostaíocht agus ó fheirmeoireacht á ríomh—

(a) ní ligtear aon liúntas ar liúntas caipitil chánach nó díluachálacha cánach; agus

(b) ní ligtear aon liúntas ar aon laghdú maidir le caiteachas caipitil is cuma cad é mar a chaitear leis ó thaobh cáin ioncaim.

(4) Agus ioncam ináirithe á ríomh maidir le hioncam ó chíos nó le hioncam ó thalamh agus ó shealúchas, déantar na coigeartuithe a leagadh amach i bparagraf (1) ar an sochar nó ar an dochar ó thalamh nó ó shealúchais mar a léiríonn an ráiteas ar ioncam ó chíos agus ní ligtear aon liúntas ar na míreanna a luaitear i bparagraf (3) (a) agus (b).

Dearbhú ioncam ináirithe — ioncam tánaisteach

24. (1) Maidir le hinfheistíochtaí, lena n-áirítear deimhnithe coigiltis, bannaí árachas saoil agus ionstraimí airgeadais eile mar a gcarntar an t-ús nó an brabús agus íoctar amach é mar chnapshuim ag deireadh na tréimhse infheistíochta, cionroinntear an t-ús nó an brabús de réir ama. Déantar an codán atá le háireamh a ríomh tríd an ús nó brabach iomlán ag deireadh na tréimhse infheistíochta a roinnt faoi líon na mblianta inar carnadh é.

(2) Má chuaigh aon duine dá bhfuil a n-ioncam faoi bhreithniú, nó má rinneadh e/í iomarcach ar fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht sa tréimhse tagartha agus má fuair sé/siad cnapshuim, cuirtear cion den chnapshuim san áireamh le haghaidh ioncam ináirithe a ríomh.

I gcás scoir, is é an codán a chuirtear san áireamh an chnapshuim scoir roinnt faoi líon na mblianta de sheirbhís inphinsin. I gcás féinfhostaíochta, is í an tseirbhís inphinsin líon na mblianta dá rinneadh ranníocaíochtaí le táirge pinsin.

I gcás iomarcaíochta, déantar an codán atá le cur san áireamh a ríomh tríd an gcnapshuim a roinnt faoi líon na mblianta seirbhíse leis an bhfostóir.

(3) Má fuair aon duine dá bhfuil a n-ioncam faoi bhreithniú, ioncam ó dhiúscairt sócmhainní nó ceart sa tréimhse tagartha, seachas i gcás na n-eisceachtaí a luaitear in alt (4), ní chuirtear ach cion den ghnóthachain nó den chailiteanas san áireamh nuair atáthar ag ríomh ioncam ináirithe. Is í an tsuim atá le háireamh san ioncam ináirithe maidir le gach diúscairt an gnóthachan nó cailiteanas iarbhír roinnte faoi líon na mblianta dá raibh seilbh ar an tsócmhainn nó ceart.

(4) Is iad na heisceachtaí dá dtagraítear in alt (3)—

(a) diúscairt príomháras cónaithe príobháideach seachas sa chás go léiríonn an praghas díolta luach forbartha;

(b) i gcás mac léinn neamhspleách—

(i) diúscairtí idir iarratasóir agus a chéile nó a céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir; agus

(ii) diúscairtí ó iarratasóir agus a chéile nó a céile dá bpáistí cléithiúnacha; agus

(c) i gcás mac léinn cleithiúnach—

(i) diúscairtí idir tuismitheoir(i),

(ii) diúscairtí ó thuismitheoir(i) chuig iarratasóir, agus

(iii) diúscairtí ó thuismitheoir(i) chuig a bpáistí cleithiúnacha.

(5) Má rinne aon duine dá bhfuil a n-ioncam faoi bhreithniú gnóthúchan ar réadú polasaí árachais saoil nó aonaid i gciste infheistíochta sa tréimhse tagartha, ní chuirtear ach cion den ghnóthachan san áireamh nuair atáthar ag ríomh ioncam ináirithe.

(6) Má fuair aon duine dá bhfuil a n-ioncam faoi bhreithniú bronntanais nó oidhreachtaí sa tréimhse tagartha, cuirtear iad seo san áireamh in ioncam ináirithe, ach amháin—

(a) i gcás mac léinn neamhspleách, bhí na bronntanais nó na hoidhreachtaí idir an t-iarratasóir agus a chéile nó a céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir; nó

(b) i gcás mac léinn cleithiúnach, bhí na bronntanais nó na hoidhreachtaí idir tuismitheoirí nó chuig an iarratasóir óna t(h)uismitheoir(i).

Plé le cailteanais

25. (1) Is féidir cailteanais a éiríonn as trádáil, seachas trádáil a feidhmíodh ar bhonn neamhthrádála, agus cailteanais a éiríonn as sócmhainn a dhiúscairt a fhritháireamh in aghaidh gach foinse eile ioncaim sa tréimhse tagartha. Ach ní féidir cailteanais a thugtar ar aghaidh ó bhliain roimhe a fhritháireamh.

(2) Ní féidir cailteanais chiosa a fhritháireamh in aghaidh ioncam eile sa tréimhse thagartha.

Cuid 4

BRONNADH DEONTAS

Tairiscint agus bronnadh deontais agus aistriú stádas

26. (1) Sa chás go ndéanann údarás bronnta tairiscint shealadach deontais d'iarratasóir faoin Scéim seo, deimhneoidh an t-iarratasóir, nuair a iarrtar air/uirthi sin a dhéanamh, don údarás bronnta teideal an chúrsa is rún dó/di a leanúint, agus cibé sonraí eile a iarrtar, laistigh de cibé tréimhse a fhéadfaidh an t-údarás bronnta a shonrú tar éis an tairiscint shealadach deontais a chur in iúl.

(2) De bhun alt 18 den Acht, cinnfidh údarás bronnta cé acu atá nó nach bhfuil iarratasóir incháilithe le deontas a fháil faoin Scéim seo le haird ar—

(a) Faisnéis curtha ar fáil ag an iarratasóir de bhun an ailt sin den Acht,

(b) aon fhaisnéis eile maidir leis an iarratas, de réir mar is cuí, agus

(c) na Rialacháin agus cibé critéir mar a shonraítear sa Scéim seo.

(3) Sa chás go dtairgtear deontas nó sa chás go mbronntar deontas ar mhac léinn faoin Scéim seo, ach nach leanann sé/sí cúrsa faofa sa bhliain acadúil, measfar an tairiscint a bheith dultha i léig.

(4) Bronntar deontas le haghaidh ghnáth-thréimhse an chúrsa fhaofa ach tá sé faoi réir athbhreithniú gach bliain acadúil. Beidh athbhreithniú bliantúil bunaithe ar ngéilleadh don teorainn ar ioncam ináirithe na bliana acadúla ábhartha agus an mac léinn ag dul ar aghaidh ó bhliain go bliain laistigh den chúrsa, agus an chuid den chúrsa curtha i gcrích go rathúil aige/aici mar is gá le linn na bliana roimhe. Beidh ar an mac léinn bheith cláraithe ar agus leanúint ar aghaidh ag freastal ar an gcúrsa céanna agus gach foráil bhainteach eile den Scéim seo agus scéimeanna atá oiriúnach do gach bliain acadúil ábhartha a chomhlíonadh. Tá athnuachan faoi réir fhaomhadh an údaráis bronnta gach bliain acadúil.

(5) Más mian le mac léinn cúrsa nó dámh a athrú le linn a c(h)úrsa staidéir caithfidh sé/sí réamhchead an údaráis bronnta a fháil le géilliúlacht a chinntiú leis an Scéim seo nó le scéim amach anseo.

(6) Sa chás go n-aistríonn mac léinn incháilithe go cúrsa eile, aistreoidh an t-údarás bronnta stádas an mhic léinn mar mhac léinn incháilithe chuig an gcúrsa sin sa chás—

(a) go bhfaigheann sé iarratas ón mac léinn incháilithe a leithéid a dhéanamh, agus

(b) go bhfuil sé sásta go bhfuil téarmaí na scéime ábhartha fós á gcomhlíonadh.

(7) Más mian le mac léinn, tar éis tosú ar chúrsa faofa, a d(h)eontas a chur siar le linn a c(h)úrsa staidéir caithfidh sé/sí réamhchead an údaráis bronnta a fháil. Déanfar athmheasúnú ar cháilíocht mic léinn mar seo ar thosú an chúrsa chun géilliúlacht leis an scéim ábhartha a chinntiú.

Rátaí agus luach — deontais cothabhála

27. (1) Beidh bronnadh deontais cothabhála de réir théarmaí na Scéime seo agus cinnfidh an t-údarás bronnta luach deontais mar seo le haird ar ioncam ináirithe an iarratasóra, cé acu a áiríonn an t-ioncam ináirithe íocaíocht incháilithe don ráta speisialta mar a shonraítear in Sceideal 2 agus na teorainneacha ioncam do gach ceann de na rátaí faoi seach in Sceideal 1.

(2) Beidh luach na rátaí speisialta agus na ngáthrátaí deontais cothabhála i dtaobh cúrsa faofa de réir na rátaí bliantúla sonraithe ag an Aire. Tá na rátaí sonraithe don bhliain airgeadais leagtha amach i Sceideal 3.

(3) De réir alt 7, beidh deontais cothabhála iomlána agus páirtdeontais cothabhála, agus na rátaí speisialta deontais cothabhála, iníoctha ag rátaí cóngaracha nó neamhchóngaracha. Cinnfidh an t-údarás bronnta an ráta infheidhmithe maidir le mac léinn incháilithe mar a leanas—

(a) beidh na rátaí cóngaracha deontais cothabhála iníoctha i gcás mic léinn a bhfuil a ngnátháras cónaithe 45km nó níos lú go an institiúid fhaofa ar a bhfuil sé nó sí ag freastal, mar a dtomhaistear an fad de réir treoirlínte aontaithe ag an Aire;

(b) beidh an ráta neamhchóngarach deontais cothabhála iníoctha i ngach cás eile.

(4) Sa chás go bhfuil ar mhac léinn atá ag fáil deontas cothabhála mar chuid dá c(h)úrsa faofa le bheith páirteach ina leanas—

(a) socrúchán éigeantach lasmuigh den champás, mar nach bhfuil an tréimhse i gceist níos lú ná téarma nó seimeastar acadúil, nó

(b) staidéar éigeantach thar sáile ar feadh tréimhse suas le haon bhliain amháin mar bhunchuid dá c(h)úrsa,

Féadfar a t(h)eidlíocht deontais a íoc leo sa ghnáthbhealach de réir alt 15 (2) agus (3). Cinnfidh an t-údarás bronnta an ráta deontais iníoctha i dtaobh fho-alt (a) nó (b), le haird ar alt (3).

(5) Má réachtáiltear cúrsa faofa thar bhliain acadúil níos giorra nó bliain acadúil atá éagsúil ón mbliain acadúil chaighdeánach, bronnfar cion den ráta deontais de réir treoirlínte a eiseoidh an tAire i dtaobh cúrsaí mar sin, le haird ar an líon seachtainí a réachtálfar an cúrsa.

Rátaí agus luach — deontas táille, mír na táille teagaisc

28. (1) Beidh bronnadh na míre teagaisc de dheontas táille de réir théarma na Scéime seo agus cinnfidh an t-údarás bronnta luach deontais mar seo le haird ar ioncam ináirithe an iarratasóra le haird ar ioncam ináirithe agus ar theorainneacha ioncaim an iarratasóra, ráta táille AE infheidhmithe ar chúrsa faofa agus uasteorainneacha infheidhmithe do gach ráta faoi seach i Sceideal 4.

(2) Cinnfear luach na míre táille teagaisc de réir alt 9 agus cloífidh sé le teorainneacha ioncaim a leagtar amach i Sceideal 1.

(3) Tá mír táille teagaisc iomlán iníoctha don ráta táille AE i dtaobh cúrsa fochéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát dá bhfuil an Scéim Táillí Saora i bhfeidhm.

(4) Tá mír táille teagaisc iomlán i dtaobh ráta táille AE suas leis an uasteorainn táille a shonraítear i Sceideal 4 ach nach mó ná í iníoctha i dtaobh cúrsa fochéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát, ach nach bhfuil na Scéimeanna Táillí Saora i bhfeidhm dó.

(5) Tá mír táille teagaisc iomlán i dtaobh ráta AE táille suas leis an uasteorainn táille a shonraítear i Sceideal 4 ach nach mó ná í iníoctha i dtaobh cúrsa fochéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát nó i dTuaisceart Éireann.

(6) Tá mír páirt-táille teagaisc nach mó ná 50% de ráta táille AE, iníoctha i dtaobh cúrsa fochéime nó iarchéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát agus atá clúdaithe faoi na Scéimeanna Táillí Saora.

(7) Tá mír táille teagaisc iomlán i dtaobh 50% de ráta táille AE, ach nach mó ná 50% den uasteorainn táille a shonraítear i Sceideal 4, iníoctha i dtaobh cúrsa fochéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát, ach nach mbaineann na Scéimeanna Táillí Saora dó.

(8) Tá mír páirt-táille teagaisc i dtaobh 50% de ráta táille AE, ach nach mó ná 50% den uasteorainn táille a shonraítear i Sceideal 4, iníoctha i dtaobh cúrsa iarchéime faofa a chuirtear ar fáil sa Stát nó i dTuaisceart Éireann.

(9) Cinnfear bronnadh ranníocaíochta táille iarchéime de réir théarmaí na scéime agus cloífidh an t-ioncam ináirithe leis na teorainneacha ioncaim don ranníocaíocht táille iarchéime a leagtar amach i Sceideal 1 agus tá sé iníoctha ag an ráta a shonraítear i Sceideal 4.

Rátaí agus luach — deontas táille, mír ranníocaíochta mic léinn

29. (1) Cinnfidh an t-údarás bronnta bronnadh mhír ranníocaíocht an mhic léinn de dheontas táille, de réir alt 10, agus ráta deontais mar seo le haird ar an ioncam ináirithe an iarratasóra le haird ar ioncam ináirithe a bheidh de réir na teorainneacha ioncaim a leagtar amach i Sceideal 1.

(2) Féadfar mír ranníocaíochta mic léinn iomlán (100%) a íoc, suas leis a ráta a shonraítear i Sceideal 4, i dtaobh iarratasóir a cháiligh faoi na Scéimeanna Táillí Saora faoi réir théarmaí na Scéime seo.

(3) Féadfar mír páirtranníocaíochta mic léinn (50%) a íoc, suas leis a ráta a shonraítear i Sceideal 4, i dtaobh iarratasóir a cháiligh faoi na Scéimeanna Táillí Saora faoi réir théarmaí na Scéime seo.

Rátaí agus luach — deontas táille, mír turais allamuigh

30. Tá mír turais allamuigh deontais táille iníoctha, de réir alt 11, faoi réir na n-uasteorainneacha táille a ndéantar foráil dóibh i Sceideal 4.

Rátaí agus luach — ranníocaíocht táille iarchéime

31. Tá an ranníocaíocht táille iarchéime iníoctha, de réir alt 12, ag an ráta a shonraítear i Sceideal 4.

Athbhreithniú incháilitheachta le linn bliain acadúil

32. (1) Féadfar incháilitheacht duine dá mbaineann an Scéim seo maidir le bronnadh deontais, nó maidir le leibhéal an deontais a bhronntar, a bheith measúnaithe nó athmheasúnaithe ag an údarás bronnta má athraíonn tosca idir an 1 Eanáir tar éis na tréimhse tagartha agus deireadh na bliana acadúla dá leanas—

(a) ioncam ináirithe an iarratasóra, laistigh de chiall ailt 19 go 25, ar dócha a bheith i bhfeidhm do thréimhse an chúrsa fhaofa nó ar feadh an ama intuartha le teacht, lena n-áirítear íocaíochtaí incháilithe don ráta speisialta deontais cothabhála, seachas sa chás gur Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach an íocaíocht atá ann;

(b) líon na bpáistí cleithiúnacha;

(c) sa chás go dtosaíonn duine ábhartha ar chúrsa faofa ar son chuspóir na Scéime seo nó cúrsa lánaimseartha a mhaireann bliain ar a laghad sa bhreisoideachas nó san ardoideachas sa Stát nó in aon Bhallstát eile ar a ngnóthófar mórbhronnadh ag Leibhéal 5 go 10 den chreat cáilíochtaí nó a mhacasamhail de cháilíocht ó eagrás bronnta aitheanta sa Stát nó in aon Bhallstát eile;

(d) gnátháras cónaithe;

(e) náisiúntacht nó stádas inimirce;

(f) athrú cúrsa nó institiúide.

(2) Má tá ísliú in ioncam aon cheann de na daoine a bhfuil a n-ioncam faoi bhreithniú, idir an 1 Eanáir tar éis na tréimhse tagartha agus deireadh na bliana acadúla, agus má tá an t-údarás bronnta sásta go mairfidh an t-íslíú ioncaim ar feadh an chúrsa fhaofa nó ar feadh an ama thuartha atá le teacht, is féidir athbhreithniú ar an iarratas a lorg nó, sa chás nár comhlánaíodh foirm iarratais don bhliain acadúil, is féidir deontas mac léinn a iarraidh faoina leithéid d'athrú toasca.

(3) Sa chás go bhfuil údarás bronnta sásta go bhfuil athrú toasca tar éis tarlú de réir chiall alt (2) measúnófar an t-iarratas bunaithe ar ioncam reatha.

(4) Sa chás go dtarlaíonn athrú chun donais san ioncam ináirithe, déanfar bronnadh nó leasuithe i gcásanna a mheasúnaítear faoin alt seo le bheith i bhfeidhm ón mí ina dtarlaíonn an t-athrú toasca.

(5) Is é a bheith sa mhír táille teagais, mír ranníocaíocht an mhic léinn, ranníocaíocht táille iarchéime agus míreanna cothabhála an deontais iníoctha i dtaobh míosa ná aon naoú an ráta bhliantúil.

(6) Má tá méadú san ioncam faoi bhreithniú, idir an 1 Eanáir tar éis na tréimhse tagartha agus deireadh na bliana acadúla, leanfaidh aon deontas a bronnadh á íoc go dtí deireadh na bliana acadúla sin.

Cuid 5

IARRATAS, SOLÁTHAR FAISNÉIS AGUS ÍOCAÍOCHT

Údarás bronnta cuí

33. (1) Cuirfidh iarratasóir iarratas chuig údarás bronnta le haghaidh deontais.

(2) Is é an t-údarás bronnta a gcuirfidh iarratasóir iarratas chuige an t-údarás bronnta cuí (údarás áitiúil nó bord oiliúna oideachais nó údarás bronnta ceaptha).

(3) Más ea, ag am an iarratais, go bhfuil iarratasóir ina chónaí de ghnáth i mBallstát eile, i stát i Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa nó san Eilvéis, cuirfidh iarratasóir mar seo iarratas chuig an údarás bronnta ceaptha.

(4) Cuirfidh iarratasóir iarratas chuig an údarás bronnta ceaptha más mian leo freastal, nó más ea go mbeidh siad ag freastal, ar chúrsa faofa in institiúid fhaofa mar a leagtar amach sna Rialacháin.

(5) D'ainneoin fhorálacha alt (4), cuirfidh iarratasóir ar bronnadh deontas orthu faoi scéim roimhe seo, nó faoi aon scéim eile faoin Acht, cuirfidh siad iarratas chuig an údarás bronnta a bhronn an deontas má tá siad ag leanúint ar aghaidh ar an gcúrsa céanna sa bhliain acadúil ábhartha.

(6) Féadfaidh údarás bronnta, de réir mar is cuí, iarratas a chur ar ceal nó iarratas a aistriú go dtí údarás bronnta eile de réir mar is cuí laistigh d'fhorálacha ailt (4) agus (5).

Teorainneacha ama ar iarratais

34. (1) Caithfear iarratais atá comhlánaithe mar is ceart a bheith faighte ag an údarás bronnta tráth nach déanaí ná an 11 Iúil 2019.

(2) Féadfaidh an t-údarás bronnta, dá lánrogha féin, glacadh le hiarratas nach bhfuil faighte in am.

(3) D'ainneoin alt (2), féadtar nach nglacfaidh an t-údarás bronnta le hiarratas níos moille ná aon mhí roimh dheireadh na bliana acadúla lena mbaineann an t-iarratas.

Iarratais go ginearálta

35. (1) Ní fhéadfaidh iarratasóir iarratas a dhéanamh ar níos mó ná aon deontas amháin ná iad a fháil.

(2) Caithfidh iarratasóir iarratas a dhéanamh ar dheontas i dtaobh gach bliain acadúil de chúrsa faofa trí iarratas a chomhlánú agus a chur chuig an údarás bronnta san fhormáid atá faofa ag an údarás bronnta agus nach mór a bheith tacaithe ag cibé fianaise a éilíonn an t-údarás bronnta.

(3) Féadfaidh an t-údarás bronnta cibé bearta agus cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach, lena n-áirítear malartú sonraí idir comhlachtaí a liostaítear in Sceideal 2 den Acht nó a shonraíonn Rialacháin, lena chinneadh an mac léinn incháilithe é/í an t-iarratasóir, an gcáilíonn sé nó sí le haghaidh deontais agus cad é an méid deontais atá iníoctha.

(4) Cuirfidh iarratasóir ar fáil d'údarás bronnta an fhaisnéis phearsanta, teaghlaigh, airgeadais agus eile a fhéadfaidh an t-údarás bronnta a lorg maidir leis an iarratasóir, céile an iarratasóra, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir, gach tuismitheoir an iarratasóra, agus aon pháiste cleithiúnach, de réir mar is cuí, agus cuirfidh siad ar fáil fianaise, in cibé foirm a fhéadfaidh an t-údarás bronnta a lorg, leis an bhfianaise a dhearbhu, le go bhféadfaidh an t-údarás bronnta a dheimhniú an bhfuil an t-iarratasóir incháilithe le deontas a fháil.

Cur isteach faisnéise

36. (1) Cuirfidh iarratasóir ar fáil cibé fianaise a lorgóidh an t-údarás bronnta agus cuirfidh siad ar fáil fianaise i bhfoirm atá inghlactha ag an údarás bronnta le go mbeidh an t-údarás bronnta in ann a dheimhniú an bhfuil an t-iarratasóir incháilithe le deontas a fháil.

(2) Féadfaidh údarás an tréimhse ama a shonrú ina bhfuil an fhaisnéis, tuilleadh faisnéis nó fianaise le cur chuige nó le cur ar fáil dó.

(3) Gan dochar d'alt 35(4), cuirfear ar fáil d'údarás bronnta an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an iarratasóir agus, de réir mar is cuí, céile an iarratasóra, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir, gach tuismitheoir an iarratasóra, agus aon pháiste cleithiúnach eile, de réir mar is cuí, is é sin—

- (a) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí,
- (b) dáta breithe,
- (c) ioncam ináirithe,
- (d) náisiúntacht, stádas inimirce agus cónaitheacht,
- (e) faisnéis a bhaineann le haon ní sa Scéim seo, agus
- (f) gnátháras cónaithe.

(4) Chomh maith leis sin, cuirfidh an t-iarratasóir ar fáil an fhaisnéis seo a leanas don údarás bronnta—

- (a) an mac léinn lánfhásta, mac léinn cleithiúnach, mac léinn cleithiúnach nó mac léinn teagaisc é nó í;
- (b) stádas pósta;
- (c) an bhfuil cleithiúnaithe aige nó aici;

(d) cúlra acadúil;

(e) an bhfuil sé nó sí ag tosú ar a c(h)éad bhliain staidéir, ina m(h)ac léinn reatha nó ar fhreastail sé nó sí roimhe seo ar bhreisoideachas nó ardoideachas;

(f) an cúrsa faofa ar a bhfuil an t-iarratasóir ag freastal nó ar rún don iarratasóir freastal air agus a bhfuil sé nó sí ag déanamh iarratas ar dheontas ina thaobh;

(g) an institiúid fhaofa atá ag soláthar an chúrsa; agus

(h) aon mhaoiniú, bhronnadh agus cabhair airgeadais maidir lena c(h)úrsa staidéir.

(5) Síneoidh an t-iarratasóir agus tuismitheoirí an iarratasóra dearbhú mar chuid den iarratas nó, i gcás mac léinn neamhspleách, an t-iarratasóir agus céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir an iarratasóra más bainteach.

(6) Beidh sé de fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfuil na sonraí ioncaim agus sonraí eile a lorgáitear iomlán agus críochnúil ar gach aon dóigh. Má tá easnamh ábhartha ní míchruinneas sna sonraí seo is féidir an t-iarratasóir a ionchúiseamh, is féidir an deontas a chailleadh nó d'fhéadfadh sé go mbeadh aon chion de dheontas a fuarthas cheana le haisíoc le hús de réir fhorálacha ailt 23 agus 24 den Acht.

(7) Féadfar ráiteas, seachas dearbhú scríofa sínithe, a dhéantar de réir mhír (5) i dtaca le duine ar bith dá dtagraítear sa mhír sin, a dhéanamh le toiliú an duine sin, ar a s(h)on ag duine ar bith eile dá dtagraítear sa mhír sin agus ní bheidh sé de cheangal ar an údarás bronnta fianaise ar thoiliú den sórt sin a lorg.

Íocaíocht deontas cothabhála

37. (1) Déanfaidh an t-údarás bronnta deontas cothabhála a íoc ach amháin i gcás iarratasóra atá ag freastal ar chúrsa faofa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí in institiúid fhaofa i gCuid B de Sceideal 1 de na Rialacháin, ar bronnadh deontas i dtaobh cúrsa mar seo air nó uirthi sula raibh scéim i bhfeidhm, déanta faoin Acht roimh 2012, sa chás sin socraítear íocaíochtaí tríd an institiúid ábhartha, nó i gcás iarratasóra atá ag freastal ar chúrsa iar-ardteistiméireachta, ar ar bronnadh deontas i dtaobh cúrsa mar seo sula raibh scéim i bhfeidhm faoin Acht roimh 2012, sa chás sin déanfaidh an bord oiliúna sa cheantar ina bhfuil an cúrsa suite íocaíochtaí i dtaobh an iarratasóra don tréimhse ama mar a shonraítear sa Scéim seo.

(2) Íocfaidh an t-údarás bronnta, nó údarás íocaíochta ábhartha eile dá dtagraítear in alt 37(1), deontais chothabhála i dtrí nó i naoi ngála dar comhluach, de réir na rátaí bliantúla a shonraítear i Sceideal 3.

(3) Is cóir deontais a íoc in euro agus tá siad le déanamh in cibé dóigh a fheictear don Aire a bheith cuí, bíodh sin trí phá-ordú nó trí aistriú cistí leictreonacha.

Féadfaidh an t-Aire é a dhéanamh mar choinníoll teidlíochta sa chás go bhfuil íocaíocht á déanamh trí aistriú cistí leictreonacha go gcaithfidh an mac léinn incháilithe sonraí a chur ar fáil i dtaobh cuntas bainc, cumainn foirgníochta nó comhair creidmheasa sa Stát nó inar féidir íocaíocht a chur trí aistriú leictreonach.

(4) Chuig an mac léinn a sheolfar íocaíochtaí deontas cothabhála a dhéantar trí phá-ordú, faoi chúram sparánaí oifig Phríomhoide na hinstitiúide.

(5) Caithfidh institiúid fhaofa a dhearbhu don údarás bronnta ag idirthréimhsí aontaithe go bhfuil duine a mbronntar deontas air nó uirthi ar a rolla nó cláraithe san institiúid, de réir a rialacha, agus ag leanúint ar aghaidh ag freastal ar an gcúrsa dá bhfuil siad faofa san institiúid sin. Ní ceadmhach don údarás bronnta an chéad ghála cothabhála nó gálaí ina dhiaidh sin, nó, sa chás go bhfuil cinneadh déanta gan deontas cothabhála a íoc, aon íocaíocht chothabhála a dhéanamh leis an mac léinn sula mbeidh dearbhú mar seo faighte aige.

Íocaíocht deontas táille

38. (1) Íocfaidh an t-údarás bronnta an mhír táille teagaisc de dheontas táille iníochta faoin Scéim seo leis an institiúid fhaofa de réir an ráta táille a bhronntar, nuair a gheofar—

(a) sonrasc cuí ón institiúid fhaofa i dtaobh na táille teagaisc infheidhmithe, nó dearbhú éigin eile mar a chinnfidh an t-údarás bronnta,

(b) dearbhú ar chlárú, arna chur ar fáil ag an institiúid fhaofa, agus

(c) dearbhú ar cé acu atá nó nach bhfuil an mac léinn ag fáil, nó incháilithe le haghaidh, cabhair i dtreo na táille ó aon fhoinse eile.

(2) Déanfaidh an t-údarás bronnta mír ranníocaíochta mic léinn de dheontas táille iníochta faoin Scéim seo a íoc ach amháin i gcás iarratasóirí atá ag freastal ar chúrsaí faofa ag Leibhéal 6 nó 7 den chreat cáilíochtaí in institiúid fhaofa i gCuid B de Sceideal 1 de na Rialacháin, ar ar bronnadh deontas i dtaobh cúrsa mar seo sula raibh scéim i bhfeidhm, déanta faoin Acht roimh 2012, sa chás sin socraítear íocaíochtaí tríd an institiúid ábhartha, sa chás sin déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna íocaíocht leis an institiúid fhaofa, de réir an ráta ranníocaíochta mic léinn a bhronntar, nuair a gheofar—

(a) sonrasc cuí ón institiúid fhaofa i dtaobh na táille ranníocaíochta mic léinn atá infheidhmithe, nó dearbhú éigin eile mar a chinnfidh an t-údarás bronnta;

(b) dearbhú ar chlárú, arna chur ar fáil ag an institiúid fhaofa, agus

(c) dearbhú ar cé acu atá nó nach bhfuil an mac léinn ag fáil, nó incháilithe le haghaidh, cabhair i dtreo ghné na táille ranníocaíochta mic léinn ó aon fhoinse eile.

(3) Íocfaidh an t-údarás bronnta an mhír turais allamuigh de dheontas táille iníochta faoin Scéim seo leis an mac léinn nó leis an mac léinn teagaisc, de réir forálacha i Sceideal 4, nuair a gheofar—

(a) foirm turais allamuigh—

(i) leis na rannáin ábhartha comhlánaithe, dearbhaithe agus stampáilte ag an institiúid fhaofa, agus

(ii) le rannáin ábhartha comhlánaithe agus sínithe ag an mac léinn nó mac léinn teagaisc; agus

(b) admhálacha i leith costais a éilítear.

Íocaíocht Ranníocaíocht Táille Iarchéime

39. (1) Íocfaidh an t-údarás bronnta an ranníocaíocht táille iarchéime iníochta faoin Scéim seo leis an institiúid fhaofa nuair a gheofar—

(a) sonrasc cuí ón institiúid fhaofa i dtaobh na ranníocaíochta táille iarchéime infheidhmithe,

(b) dearbhú ar chlárú, arna chur ar fáil ag an institiúid fhaofa, agus

(c) dearbhú ar cé acu atá nó nach bhfuil an mac léinn ag fáil, nó incháilithe le haghaidh, cabhair i dtreo na táille ó aon fhoinse eile.

Ró-íocaíochtaí

40. Féadfaidh an t-údarás íocaíochta aon ró-íocaíocht a dhéantar i dtaobh deontas a bhronntar faoin Scéim seo a aisghabháil de réir alt 24 den Acht.

ACHOMHAIRC

Achomhairc chuig oifigigh achomhairc

41. Sa chás go mbeidh casaoid ag iarratasóir de bharr cinneadh údarás dámhachtana faoin Scéim seo féadfaidh sé nó sí, de bhun alt 20 den Acht, achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chuig oifigeach achomhairc arna n-ainmniú ag an údarás dámhachtana faoin alt sin.

Achomhairc chuig an mBord Achomhairc

42. Sa chás go mbeidh casaoid ag iarratasóir de bharr cinneadh oifigeach achomhairc faoi alt 20(5) den Acht, féadfaidh sé nó sí, de bhun alt 21 den Acht, achomharc in aghaidh an chinnidh a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc.

SCEIDEAL 1

Teorainneacha Ioncam Inríofa don bhliain acadúil 2019/20.

1. Teorainneacha ioncam inríofa:

Is í an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 an tréimhse tagartha don bhliain acadúil 2019/20.

Ní cháilíonn mac léinn teagaisc do dheontas cothabhála ar bith. Tá imlíne ar na teorainneacha ioncaim a bhaineann le mic léinn teagaisc i dTáblaí C, D, E & G den Sceideal seo.

Mic Léinn PLC

Tábla A:

Teorainneacha ioncaim do dhontais chothabhála (mar a shonraítear i Sceideal 3)

Chun cáiliú do:	Ráta Speisialta*	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach
Lion leanaí cleithiúnacha		Cothabháil iomlán	Cothabháil i bpáirt	Cothabháil i bpáirt	Cothabháil i bpáirt
Níos lú ná 4	€24,000	100% €39,875	75% €40,970	50% €43,380	25% €45,790
4 go 7	€24,000	€43,810	€45,025	€47,670	€50,325
8 nó níos mó	€24,000	€47,575	€48,890	€51,760	€54,630

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla A maidir le Deontais Chothabhála**					
+ breisíocht do gach duine ábhartha breise eile	€ 0	+ €4,830	+ €4,670	+ €4,670	+ €4,670

* Ní mór fócaíocht incháilithe ón liosta i Sceideal 2 a bheith san áireamh san ioncam inríofa an 31 Nollaig 2018 le cáiliú don ráta speisialta cothabhála.

** Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha.

Mic léinn fochéime

Tábla B:

Teorainneacha ioncaim do dheontais chothabhála (mar a shonraítear i Sceideal 3)

Chun cáiliú do:	Ráta Speisialta*	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach	Ráta caighdeánach
Lion leanaí cleithiúnacha		Cothabháil iomlán	Cothabháil i bpáirt	Cothabháil i bpáirt	Cothabháil i bpáirt
Níos lú ná 4	€24,000	100% €39,875	75% €40,970	50% €43,380	25% €45,790
4 go 7	€24,000	€43,810	€45,025	€47,670	€50,325
8 nó níos mó	€24,000	€47,575	€48,890	€51,760	€54,630

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla B maidir le Deontais Chothabhála**					
+ breisíocht do gach duine ábhartha breise eile	€ 0	+ €4,830	+ €4,670	+ €4,670	+ €4,670

*Ní mór íocaíocht incháilithe ón liosta i Sceideal 2 a bheith san áireamh san ioncam inríofa an 31 Nollaig 2018 le cáiliú don ráta speisialta cothabhála.

**Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha.

Beidh dámhachtain don deontas ranníocaíochta mac léinn iomlán san áireamh in aon deontas cothabhála arna dhámhadh faoi na teorainneacha ioncaim i dTábla B, sa chás go mbeidh ranníocaíocht an mhic léinn inmhuirir.

Tábla C:

Teorainneacha ioncaim don deontas ranníocaíochta mac léinn (mar a shonraítear i Sceideal 4)

Chun cáiliú do:	Ranníocaíocht an mhic léinn	
	100%	50%
Líon leanaí cleithiúnacha		
Níos lú ná 4	€49,840	€54,240
4 go 7	€54,765	€59,595
8 nó níos mó	€59,455	€64,700

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla C maidir le Deontais Chothabhála**		
+ breisíocht do gach duine ábhartha breise eile	+ €4,830	+ €4,830

** Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha:

Tábla D:

Teorainneacha ioncaim do tháillí teagaisc (mar a shonraítear i Sceideal 4)

Chun cáiliú do:	(i) 100% táillí teagaisc (ii) Costais turais allamuigh	50% táillí teagaisc
Líon leanaí cleithiúnacha		
Níos lú ná 4	€45,790	€49,840
4 go 7	€50,325	€54,765
8 nó níos mó	€54,630	€59,455

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla D maidir le Deontais Chothabhála**		
+ breisíocht do gach duine ábhartha breise eile	+ €4,670	+ €4,830

** Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha.

Mic léinn iarchéime

Tábla E:

Teorainneacha ioncaim le haghaidh táillí teagaisc (mar a shonraítear i Sceideal 4)

Chun cáiliú do:	(i) Táillí teagaisc*
Líon leanaí cleithiúnacha	(ii) Costais turais allamuigh
Níos lú ná 4	€24,000
4 go 7	€24,000
8 nó níos mó	€24,000

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla E le haghaidh táillí teagaisc**	
+ breisíocht do gach duine breise ábhartha eile	+ € 0

* Ní mór na coinníollacha don ráta speisialta cothabhála a shásamh chun cáiliú le haghaidh táillí teagaisc

** Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha

Tábla F:

Teorainneacha ioncaim do Ráta Speisialta Iarchéime de Dheontais Choathabhála

Chun cáiliú do:	Ráta Speisialta*
Líon leanaí cleithiúnacha	
Níos lú ná 4	€24,000
4 go 7	€24,000
8 nó níos mó	€24,000

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla F le haghaidh táillí teagaisc**	
+ breisíocht do gach duine breise ábhartha eile	+ € 0

* Ní mór íocaíocht incháilithe ón liosta i Sceideal 2 a bheith san áireamh san ioncam inríofa an 31 Nollaig 2018 le cáiliú don ráta speisialta cothabhála.

** Breisíochtaí is féidir a chur leis na teorainneacha ioncaim ábhartha

Tábla G:

Teorainneacha ioncaim do ranníocaíocht táille iarchéime (mar a shonraítear i Sceideal 4)

Chun cáiliú do	Ranníocaíocht Táille Iarchéime
Líon leanaí cleithiúnacha	
Níos lú ná 4	€31,500
4 go 7	€34,615
8 nó níos mó	€37,580

Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim i dTábla G le haghaidh ranníocaíocht táille iarchéime**	
+ breisíocht do gach duine breise ábhartha eile	+ €4,980

** Breisíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm leis na teorainneacha ioncaim ábhartha:

Sa bhliain acadúil 2019/20, sa chás go mbeidh an t-iarratasóir agus duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile ag freastal ar chúrsa faofa chun críocha na Scéime seo nó ag freastal ar chúrsa lán-aimseartha ardoideachais nó breisoideachais a mhaireann bliain amháin ar a laghad agus faoi oiliúint sa Stát nó in aon Bhallstát eile le haghaidh mórdhámhachtain ag Leibhéal 5 go dtí Leibhéal 10 ar an gcreat cáilíochtaí nó le haghaidh cáilíocht chomhionann arna dámhadh ag comhlacht dámhachtana sa Stát nó i mBallstát eile, is féidir na teorainneacha inríofa do gach ceann de na rátaí deontais i dTáblaí A, B, C, D & G a mhéadú faoi bhreisíocht de réir mar a shonraítear.

Tuilleamh Saoire

2. Tuilleamh Saoire:

Is féidir asbhaint suas le huasmhéid €4,500 a chur i bhfeidhm le tuilleamh mac léinn lasmuigh de thréimhsí téarma ach laistigh den tréimhse tagartha.

SCEIDEAL 2

Íocaíochtaí fadtéarmacha incháilithe le haghaidh an ráta speisialta den deontas cothabhála don bhliain acadúil 2019/20

Amhail an 31 Nollaig 2018, ní mór go mbeadh ceann de na híocaíochtaí incháilithe liostaithe sa Sceideal seo nó a combhionann ó Bhallstát AE san áireamh san ioncam inríofa, glan ó—

(a) neamhaird ioncaim (mar a leagtar amach in alt 22(4) na Scéime seo); agus

(b) Méadú do Leanbh Cleithiúnach (C.D.I.), má íocann an An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Íocaíochtaí Cúnaimh Sóisialta

1. Pinsean na nDall
2. Liúntas do Chúramóirí
3. Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
4. Liúntas Cuardaitheora Post Eatramhach
5. Liúntas Banchéile Thréigthe
6. Liúntas Míchumais
7. Cúnaimh Feirme
8. Liúntas Cuardaitheora Post (sa chás go bhfuil sé á fháil ar feadh 391 lá nó níos mó)*
9. Pinsean Stát (Neamh-Ranníocach)
10. Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach)
11. Liúntas Réamh-scoir
12. Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)
13. Liúntas Leasa Fhorlíontaigh (sa chás go bhfuil sé á fháil ar feadh 15 lá féilire i ndiaidh a chéile)

Íocaíochtaí Árachais Shóisialta

14. Sochar Cúramóra
15. Sochar Banchéile Thréigthe
16. Pinsean Easláine
17. Forlíonadh Éagumais
18. Sochar Báis Díobhálacha Ceirde (pinsean dílleachta)
19. Sochar Díobhálacha Ceirde — Sochar Báis (Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir)
20. Pinsean Stáit (Ranníocach)
21. Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)
22. Sochar Cuardaitheora Poist*
23. Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
24. Pinsean Stáit (Eatramhach)

Cláir Ainmnithe

25. Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (Roghanna Dara Leibhéal agus Tríú Leibhéal)
26. Liúntas um Fhilleadh ar Obair (Fostaithe)
27. Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair
28. An Scéim Fostaíochta Pobail
29. An Scéim Sóisialta Tuaithe
30. Tionscnamh Tús
31. Scéim Tairsí
32. Cúrsaí Breisoideachas agus Oiliúna (BOO), lena n-áirítear Printíseachtaí
33. Scéim dreasachta post páirt-aimseartha
34. Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

Eile

35. Liúntais Cúraim Altrama agus Iarchúraim sa chás go n-íoctar iad i leith an iarratasóra
36. Liúntas um Mhaireachtáil Neamhspleách do Dhaoine Óga i gCúram Cónaitheach
37. Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht/Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh
38. Ag fáil íocaíochtaí faoin tionscnamh FIT (Modh Mear chuig TF) atá comhionann le híocaíocht leasa shóisialaigh;
39. Rannpháirtithe ar chúrsa oiliúna arna cheadú ag Roinn Rialtais, Gníomhaireacht Stáit nó Comhpháirtíocht Ceantair agus a raibh íocaíocht incháilithe á fáil acu sula ndeachaigh siad ar aghaidh chuig an gclár;
40. Fostaithe ar Chláir Seirbhísí Pobail (fiontair eacnamaíochta sóisialta roimhe seo) a fhaigheann deontais;

*Tréimhsí ar Liúntas Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist agus íocaíochtaí incháilithe eile curtha le chéile chun críocha an tréimhse fhorordaithe 391 lá, faoi mar atá socraithe ag an An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a bhaint amach.

Is féidir Sochar Breoiteachta nó Sochar Máithreachais na An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a úsáid chun tréimhsí ar Liúntas Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist a chur le chéile ar an gcoinníoll go dtagann tréimhse ar Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist díreach roimh agus díreach i ndiaidh na tréimhse ar Shochar Breoiteachta nó ar Shochar Máithreachais.

Is féidir tréimhsí ar JobBridge, an Scéim Náisiúnta Intéirneachta, a chur le tréimhsí ar íocaíochtaí incháilithe liostaithe eile ar an gcoinníoll go dtagann tréimhse ar íocaíocht incháilithe díreach roimh agus díreach i ndiaidh na tréimhse ar JobBridge.

SCEIDEAL 3

Rátaí deontais chothabhála don bhliain airgeadais 2019

Rátaí Bliantúla

	Ráta Neamhchóngarach	Ráta Cóngarach
Ráta speisialta cothabhála	5,915	2,375
Gnáthráta—Cothabháil Iomlán (100%)	3,025	1,215
Gnáthráta—Páirt-chothabháil (75%)	2,270	910
Gnáthráta—Páirt-chothabháil (50%)	1,515	605
Gnáthráta—Páirt-chothabháil (25%)	755	305

SCEIDEAL 4

Uasteorainneacha foriomlána le haghaidh deontas táillí don bhliain acadúil 2019/20

An Ghné Táille Teagaisc Fochéime		
I ndáil leis na cúrsaí seo a leanas	Uasteorainn táille Deontas Iomlán (100%) i ndáil le táillí teagaisc	Uasteorainn táille Deontas i bPáirt (50%) i ndáil le táillí teagaisc
Cúrsaí fochéime faofa a bhfuil an Scéim Táillí Saor in Aisce i bhfeidhm leo.	100% de ráta AE na táille	50% de ráta AE na táille
Cúrsaí fochéime faofa arna gcur ar fáil sa Stát nach bhfuil an Scéim Táillí Saor in Aisce i bhfeidhm leo.	€6,270	€3,135

An Ghné Ranníocaíochta Mac Léinn	Ráta
Deontas Iomlán (100%) i ndáil leis an muirear ranníocaíochta mac léinn	€3,000
Deontas i bPáirt (50%) i ndáil leis an muirear ranníocaíochta mac léinn	€1,500

An Ghné Turas Allamuigh [Ríomh an luacha ar fáil i dtreo costas éigeantach]		
	Uasteorainn Táille:	€6,270
Mac léinn nó mac léinn teagaisc a cháileodh le haghaidh 100% den ghné táille teagaisc de dheontas táille murach na Scéimeanna Táillí Saor in Aisce agus ar ar bronnadh deontas i dtreo an mhuirir ranníocaíochta mac léinn.	Lúide an táille teagaisc a éilíodh ón Stát ag an institiúid faoi na Scéimeanna Táillí Saor in Aisce:	-€x,xxx
	Lúide Ranníocaíocht an Mhic Léinn	-€3,000
	Is ionann agus an t-uasmhéid más ann dó i dtreo na gné turais allamuigh	€y,yyy
Mac léinn nó mac léinn teagaisc a cháilíonn le haghaidh 100% de na táillí teagaisc nó de na táillí teagaisc iarchéime faoi scéim na ndeontas.	Uasteorainn Táille:	€6,270
	Lúide ráta AE na táille infheidhme leis an gcúrsa / tugtha ar shonrasc don mhac léinn:	-€x,xxx
	Is ionann agus an t-uasmhéid más ann dó ar fáil i dtreo na gné turais allamuigh	€y,yyy

Deontais Iarchéime		
I ndáil leis na cúrsaí seo a leanas	Uasteorainn táille le haghaidh deontais i ndáil le táillí teagaisc	Ranníocaíocht Táille Iarchéime
Cúrsaí iarchéime faofa arna gcur ar fáil sa Stát nó i dTuaisceart Éireann.	€6,270	€2,000

Le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dhéantar an Scéim thuas luaite.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Aire Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe,
11 Aibreán 2019.



PASCHAL DONOHOE,

An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



ARNA THABHAIRT faoi mo Lámh,
11 Aibreán 2019.

MARY MITCHELL O'CONNOR,

An tAire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).

Déantar an Scéim Deontais seo de bhun cumhachtaí arna dtabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011.

Is féidir an Scéim seo a lua mar an Scéim um Thacaíocht do Mhic Léinn 2019.

BAILE ÁTHA CLIATH

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR Le
ceannach díreach ó

FOILSEACHÁIN RIALTAIS,

52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 -
6476843) nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN

PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE To be
purchased from

GOVERNMENT PUBLICATIONS,

52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2. (Tel: 01 -
6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)

or through any bookseller.
